7. Chun críocha cheannteideal 4810 22, ciallaíonn 'páipéar brataithe éadrom-mheáchan' páipéar, atá brataithe ar an dá thaobh, ina bhfuil meáchan nach mó ná 72 g/m², ina bhfuil meáchan brataithe nach mó ná 15 g/m² ar an dá thaobh, atá ar bhonn ar snáithíní adhmaid a fhaightear trí phróiseas meicniúil cion nach lú ná 50 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní ann.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4801 00 00	**Nuachtpháipéar, ina rollaí nó ina leatháin**	Díolúine	—
4802	**Páipéar neamhbhrataithe agus páipéarchlár neamhbhrataithe, de chineál a úsáidtear chun críocha na scríbhneoireachta, na clódóireachta nó chun críocha eile grafaice, agus pollchártaí neamhphollta agus páipéar téip-phollta, ina rollaí nó ina leatháin dhronuilleogacha (lena n-áirítear leatháin chearnóga), ar thomhas ar bith, seachas páipéar atá faoi cheannteideal 4801 nó 4803; páipéarlámhdhéanta agus páipéarchlár lámhdhéanta:**		
4802 10 00	– **Páipéar lámhdhéanta agus páipéarchlár**	Díolúine	—
4802 20 00	– **Páipéar agus páipéarchlár de chineál a úsáidtear mar bhonn do pháipéar fótamhothálach nó leictreamhothálach nó do pháipéarchlár fótamhothálach nó leictreamhothálach**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4802 40	– **Bonn páipéir balla:**		
4802 40 10	–– nach bhfuil snáithíní ann a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó ar snáithíní den sórt sin atá i gcion nach mó ná 10 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán ann	Díolúine	—
4802 40 90	–– eile	Díolúine	—
	– **Páipéar eile agus páipéarchlár eile, nach bhfuil snáithíní ann agus a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil nó ar snáithíní den sórt sin atá i gcion nach mó ná 10 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán na snáithíní ann:**		
4802 54 00	–– **ina bhfuil meáchan is lú ná 40 g/m²**	Díolúine	—
4802 55	–– **ina bhfuil meáchan 40 g/m² nó níos mó ach nach mó ná 150 g/m², ina rollaí:**		
4802 55 15	––– ina bhfuil meáchan 40 g/m² nó níos mó ach níos lú ná 60 g/m²	Díolúine	—
4802 55 25	––– ina bhfuil meáchan 60 g/m² nó níos mó ach níos lú ná 75 g/m²	Díolúine	—
4802 55 30	––– ina bhfuil meáchan 75 g/m² nó níos mó ach níos lú ná 80 g/m²	Díolúine	—
4802 55 90	––– ina bhfuil meáchan 80 g/m² nó níos mó	Díolúine	—
4802 56	–– **ina bhfuil meáchan 40 g/m² nó níos mó ach nach mó ná 150 g/m², ina leatháin nach mó toise taobh amháin díobh ná 435 mm agus nach mó toise an taobh eile ná 297 mm ina riocht neamhfhillte:**		
4802 56 20	––– a bhfuil taobh amháin díobh 297 mm agus an taobh eile 210 mm (formáid A4) ar fad	Díolúine	—
4802 56 80	––– eile	Díolúine	—
4802 57 00	–– **eile, ina bhfuil meáchan 40 g/m² nó níos mó ach nach mó ná 150 g/m²**	Díolúine	—
4802 58	–– **ina bhfuil meáchan is mó ná 150 g/m²:**		
4802 58 10	––– ina rollaí	Díolúine	—
4802 58 90	––– eile	Díolúine	—
	– **Páipéar eile agus páipéarchlár eile, ar snáithíní a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil atá i gcion is mó ná 10 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán ann:**		
4802 61	–– **ina rollaí:**		
4802 61 15	––– ina bhfuil meáchan is lú ná 72 g/m² agus ar mó ná 50 % de réir meáchain d'ábhar comhiomlán na snáithíní atá iontu meáchan na snáithíní a fhaightear trí phróiseas meicniúil	Díolúine	—
4802 61 80	––– eile	Díolúine	—
4802 62 00	–– **ina leatháin nach mó toise taobh amháin díobh ná 435 mm agus nach mó toise an taobh eile ná 297 mm ina riocht neamhfhillte**	Díolúine	—
4802 69 00	–– **eile**	Díolúine	—
4803 00	**Stoc de chiarsúir leithris nó éadain, stoc de thuáillí nó de naipcíní agus páipéar comhchosúil de chineál a úsáidtear chun críocha teaghlaigh nó sláintíochta, flocas ceallalóise agus uigí de shnáithíní ceallalóise, bídís i bhfoirm síprise, nó bídís creaptha, cabhartha, pollta, bíodh a n-éadain daite, maisithenó clóite nó ná bídís, ina rollaí nó ina leatháin:**		
4803 00 10	– Flocas ceallalóise	Díolúine	—
	– Páipéar síprise agus uigí de shnáithíní ceallalóise (ciarsúir), meá de réir an duail:		
4803 00 31	–– nach mó ná 25 g/m²	Díolúine	—
4803 00 39	–– is mó ná 25 g/m²	Díolúine	—
4803 00 90	– eile	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4804	**Craftpháipéar neamhbhrataithe agus páipéarchlár neamhbhrataithe, é ina rollaí nó ina leatháin, seachas an méid atá faoi cheannteideal 4802 nó 4803:**		
	– Líneálach do nuachtpháipéar:		
4804 11	–– **é neamhthuartha:**		
	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní:		
4804 11 11	––––– ina bhfuil meáchan is lú ná 150 g/m²	Díolúine	—
4804 11 15	––––– ina bhfuil meáchan 150 g/m² nó níos mó ach níos lú ná 175 g/m²	Díolúine	—
4804 11 19	––––– ina bhfuil meáchan 175 g/m² nó níos mó	Díolúine	—
4804 11 90	––– eile	Díolúine	—
4804 19	–– **eile:**		
	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní:		
	––––– de shraith neamhthuartha amháin nó níos mó neamhthuartha agus sraith lasmuigh atá tuartha, leath-thuartha nó daite, meá de réir m²:		
4804 19 12	––––––– atá níos lú ná 175 g	Díolúine	—
4804 19 19	––––––– a bhfuil 175 g meáchain ann	Díolúine	—
4804 19 30	––––– eile	Díolúine	—
4804 19 90	––– eile	Díolúine	—
	– Craftpháipéar mála:		
4804 21	–– **é neamhthuartha:**		
4804 21 10	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní	Díolúine	—
4804 21 90	––– eile	Díolúine	—
4804 29	–– **eile:**		
4804 29 10	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní	Díolúine	—
4804 29 90	––– eile	Díolúine	—
	– Craftpháipéar eile agus páipéarchlár eile a bhfuil meáchan 150 g/m² nó níos lú iontu:		
4804 31	–– **é neamhthuartha:**		
	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní:		
4804 31 51	––––– Craftpháipéar inslithe leictriteicniúil	Díolúine	—
4804 31 58	––––– eile	Díolúine	—
4804 31 80	––– eile	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4804 39	–– **eile:**		
	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní:		
4804 39 51	–––– é tuartha go haonfhoirmeach tríd an mais	Díolúine	—
4804 39 58	–––– eile	Díolúine	—
4804 39 80	––– eile	Díolúine	—
	– **Craftpháipéar eile agus páipéarchlár eile ina bhfuil meáchan is mó ná 150 g/m² ach meáchan is lú ná 225 g/m²:**		
4804 41	–– **é neamhthuartha:**		
4804 41 91	––– Craft sáithithe	Díolúine	—
4804 41 98	––– eile	Díolúine	—
4804 42 00	–– **é tuartha go haonfhoirmeach tríd an mais agus ar snáithíní adhmaid a fhaightear trí phróiseas ceimiceach is mó ná 95 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní ann**	Díolúine	—
4804 49 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– **Craftpháipéar eile agus páipéarchlár eile a bhfuil meáchan 225 g/m² nó níos mó:**		
4804 51 00	–– **é neamhthuartha**	Díolúine	—
4804 52 00	–– **é tuartha go haonfhoirmeach tríd an mais agus ar snáithíní adhmaid a fhaightear trí phróiseas ceimiceach is mó ná 95 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní ann**	Díolúine	—
4804 59	–– **eile:**		
4804 59 10	––– ar snáithíní buaircíneacha a fhaightear tríd an bpróiseas sulfáite ceimicí nó tríd an bpróiseas sóide atá i gcion nach lú ná 80 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní	Díolúine	—
4804 59 90	––– eile	Díolúine	—
4805	**Craftpháipéar neamhbhrataithe eile agus páipéarchlár neamhbhrataithe eile, ina rollaí nó ina leatháin, nach bhfuil tuilleadh oibre nó próiseála déanta orthu seachas mar a shonraítear i nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo:**		
	– **Páipéar cuislithe:**		
4805 11 00	–– **Páipéar cuislithe leath-cheimiceach**	Díolúine	—
4805 12 00	–– **Páipéar cuislithe tuí**	Díolúine	—
4805 19	–– **eile:**		
4805 19 10	––– Wellenstoff	Díolúine	—
4805 19 90	––– eile	Díolúine	—
	– **Líneálach tástáilte (bord líneálaigh atá athchúrsáilte):**		
4805 24 00	–– **ina bhfuil meáchan 150 g/m² nó níos lú iontu**	Díolúine	—
4805 25 00	–– **ina bhfuil meáchan is mó ná 150 g/m²**	Díolúine	—
4805 30 00	– **Páipéar beartán sulfáite**	Díolúine	—
4805 40 00	– **Páipéar scagaire agus páipéarchlár scagaire**	Díolúine	—
4805 50 00	– **Páipéar feilte agus páipéarchlár feilte**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– **eile:**		
4805 91 00	–– **ina bhfuil meáchan 150 g/m² nó níos lú iontu**	Díolúine	—
4805 92 00	–– **ina bhfuil meáchan is mó ná 150 g/m² ach meáchan is lú ná 225 g/m²**	Díolúine	—
4805 93	–– **ina bhfuil meáchan 225 g/m² nó níos mó:**		
4805 93 20	––– as páipéar athshlánaithe	Díolúine	—
4805 93 80	––– eile	Díolúine	—
4806	**Pár atá déanta as glasraí, páipéir ghréiscdhíonacha, rianpháipéir agus bréagphár agus páipéir eile atá glónraithe, trédhearcach nó tréshoilseach, ina rollaí nó ina leatháin:**		
4806 10 00	– **Pár atá déanta as glasraí**	Díolúine	—
4806 20 00	– **Páipéir ghréiscdhíonacha**	Díolúine	—
4806 30 00	– **Rianpháipéir**	Díolúine	—
4806 40	– **Bréagphár agus páipéir eile atá glónraithe, trédhearcach nó tréshoilseach:**		
4806 40 10	–– Bréagpháir	Díolúine	—
4806 40 90	–– eile	Díolúine	—
4807 00	**Páipéar cumaisc agus páipéarchlár cumaisc (a dhéantar trí shraitheanna cothroma de pháipéar nó de pháipéarchlár a ghreamú le chéile le greamachán), nach bhfuil a n-éadain brataithe nó tuilithe, bídís atreisithe go hinmheánach nó ná bídís, ina rollaí nó ina leatháin:**		
4807 00 30	– as páipéar athshlánaithe, bíodh sé clúdaithe le páipéar nó ná bíodh	Díolúine	—
4807 00 80	– eile	Díolúine	—
4808	**Páipéar roctha agus páipéarchlár roctha, (gona leatháin chothroma éadain gliúáilte orthu nó gan sin gliúáilte orthu), i bhfoirm síprise nó creaptha, nó iad cabhartha nó pollta, ina rollaí nó ina leatháin, seachas páipéar den chineál a ndéantar tuairisc air i gceannteideal 4803:**		
4808 10 00	– **Páipéar agus páipéarchlár roctha, bídís pollta nó ná bídís**	Díolúine	—
4808 40 00	– **Craftpháipéar eile, i bhfoirm síprise nó creaptha, bíodh sé cabhartha nó pollta nó ná bíodh**	Díolúine	—
4808 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4809	**Páipéar carbóin, páipéar féinchóipeála agus páipéir eile chóipeála nó aistrithe, ina rollaí nó ina leatháin (lena n-áirítear páipéar atá brataithe nó tuilithe, atá le haghaidh stionsal do ghléasanna cóipeála nó le haghaidh seachphlátaí), bídís clóite nó ná bídís:**		
4809 20 00	– **Páipéar féinchóipeála**	Díolúine	—
4809 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4810	**Páipéar agus páipéarchlár, atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh le caoilín (cré Shíneach) nó le substaintí neamhorgánacha eile, a bhfuil ceanglóir iontu nó nach bhfuil, agus nach bhfuil aon bhratú eile orthu, bíodh a n-éadain daite, maisithe nó clóite nó ná bídís, ina rollaí nó ina leatháin dhronuilleogacha (lena n-áirítear leatháin chearnóga), ar thomhas ar bith:**		
	– **Páipéar agus páipéarchlár de chineál a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafaice, nach bhfuil snáithíní ann a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil nó ar snáithíní den sórt sin atá i gcion nach mó ná 10 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní ann:**		
4810 13 00	–– **ina rollaí**	Díolúine	—
4810 14 00	–– **ina leatháin nach mó toise taobh amháin díobh ná 435 mm agus nach mó toise an taobh eile ná 297 mm ina riocht neamhfhillte**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4810 19 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– **Páipéar agus páipéarchlár de chineál a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafaice ar snáithíní a fhaightear trí phróiseas meicniúil nó próiseas ceimiceach-meicniúil atá i gcion is mó ná 10 % de réir meáchain den ábhar comhiomlán snáithíní ann:**		
4810 22 00	–– **Páipéar brataitheéadrom-mheáchan**	Díolúine	—
4810 29	–– **eile:**		
4810 29 30	––– ina rollaí	Díolúine	—
4810 29 80	––– eile	Díolúine	—
	– **Craftpháipéar agus craft-pháipéarchlár, seachas an cineál a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafaice:**		
4810 31 00	–– **é tuartha go haonfhoirmeach tríd an mais agus ar snáithíní adhmaid a fhaightear trí phróiseas ceimiceach é breis is 95 % de réir meáchain d'ábhar comhiomlán na snáithíní meáchan na snáithíní adhmaid atá iontu, agus a bhfuil meáchan 150 g/m² nó níos lú iontu**	Díolúine	—
4810 32	–– **é tuartha go haonfhoirmeach tríd an mais agus ar snáithíní adhmaid a fhaightear trí phróiseas ceimiceach breis is 95 % de réir meáchain d'ábhar comhiomlán na snáithíní meáchan na snáithíní adhmaid atá iontu, agus ina bhfuil meáchan is mó ná 150 g/m²:**		
4810 32 10	––– Brataithe le caoilín	Díolúine	—
4810 32 90	––– eile	Díolúine	—
4810 39 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– **páipéar eile agus páipéarchlár eile:**		
4810 92	–– **Ilsrathach:**		
4810 92 10	––– gach sraith tuartha	Díolúine	—
4810 92 30	––– gan ach sraith amháin tuartha ar an taobh amuigh	Díolúine	—
4810 92 90	––– eile	Díolúine	—
4810 99	–– **eile:**		
4810 99 10	––– Páipéar tuartha agus páipéarchlár tuartha, brataithe le caoilín	Díolúine	—
4810 99 80	––– eile	Díolúine	—
4811	**Páipéar agus páipéarchlár, flocas ceallalóise agus uigí de shnáithíní ceallalóise, atá brataithe, toilithe, clúdaithe, a n-éadain daite, maisithe nó clóite, ina rollaí nó ina leatháin dhronuilleogacha (lena n-áirítear leatháin chearnóga), ar thomhas ar bith, seachas earraí den chineál a ndéantar tuairisc orthu I gceannteideal 4803, 4809 nó 4810:**		
4811 10 00	– **Páipéar tarra, biotúmain nó asfailt agus páipéarchlár tarra, biotúmain nó asfailt**	Díolúine	—
	– **Páipéar gumaithe nó greamaitheach agus páipéarchlár gumaithe nó greamaitheach:**		
4811 41	–– **Féinghreamaitheach:**		
4811 41 20	––– a bhfuil leithead nach mó ná 10 cm acu, a bhfuil rubar neamhbholcánaithe nádúrtha nó sintéiseach ina mbratú orthu	Díolúine	—
4811 41 90	––– eile	Díolúine	—
4811 49 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– **Páipéar agus páipéarchlár atá brataithe, tuilithe nó clúdaithe le plaistigh (seachas greamacháin):**		
4811 51 00	–– **é tuartha, ina bhfuil meáchan is mó ná 150 g/m²**	Díolúine	—
4811 59 00	–– **eile**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4811 60 00	– **Páipéar agus páipéarchlár atá brataithe, tuilithe nó clúdaithe le plaistigh nó clúdaithe le céir, le céir phairifin, le stéirin, le hola nó le gliocról**	Díolúine	—
4811 90 00	– **páipéar eile, páipéarchlár eile, flocas ceallalóise eile agus uigí de shnáithíní ceallalóise eile**	Díolúine	—
4812 00 00	**Bloic, leaca agus plátaí scagtha, déanta as laíon páipéir**	Díolúine	—
4813	**Páipéar toitíní, bíodh sé gearrtha ar thomhas nó ná bíodh nó i bhfoirm leabhrán nó feadán:**		
4813 10 00	– **é i bhfoirm leabhrán nó feadán**	Díolúine	—
4813 20 00	– **é ina rollaí a bhfuil leithead nach mó ná 5 cm iontu**	Díolúine	—
4813 90	– **eile:**		
4813 90 10	–– é ina rollaí ar mó ná 5 cm a leithead ach nach mó ná 15 cm é	Díolúine	—
4813 90 90	–– eile	Díolúine	—
4814	**Páipéar balla agus clúdaigh bhalla chomhchosúla; páipéar trédhearcacht fuinneog:**		
4814 20 00	– **Ballapháipéar agus clúdaigh bhalla chomhchosúla, a bhfuil a n-aghaidh brataithe nó clúdaithe le sraith de phlaistigh atá snáithíneach, cabhartha, daite, a bhfuil dearadh clóite orthu nó iad maisithe ar shlí eile**	Díolúine	—
4814 90	– **eile:**		
4814 90 10	–– Páipéar balla agus clúdaigh bhalla chomhchosúla, atá snáithíneach, cabhartha, a n-éadain daite, a bhfuil dearadh clóite orthu nó iad maisithe ar shlí eile, atá clúdaithe le plaistigh chosanta thrédhearcacha	Díolúine	—
4814 90 70	–– eile	Díolúine	—
[4815]			
4816	**Páipéar carbóin, páipéar féinchóipeála agus páipéir eile chóipeála nó aistrithe, ina rollaí nó ina leatháin (seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 4809), stionsal do ghléasanna cóipeála agus do sheachphlátaí, as páipéar, bídís cóirithe i mboscaí nó ná bídís:**		
4816 20 00	– **Páipéar féinchóipeála**	Díolúine	—
4816 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4817	**Clúdaigh litreach, cártaí litreach, cártaí poist gan mhaisiú agus cártaí comhfhreagrais, déanta as páipéar nó as páipéarchlár; boscaí, púitsí, sparáin agus coimrí scríbhneoireachta as páipéar nó as páipéarchlár, a bhfuil sórtáil stáiseanóireachta páipéir iontu:**		
4817 10 00	– **Clúdaigh litreach**	Díolúine	—
4817 20 00	– **Cártaí litreach, cártaí poist gan mhaisiú agus cártaí comhfhreagrais**	Díolúine	—
4817 30 00	– **Boscaí, púitsí, sparáin agus coimrí scríbhneoireachta as páipéar nó as páipéarchlár, a bhfuil sórtáil stáiseanóireachta páipéir iontu**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4818	**Páipéar leithris agus páipéar eile comhchosúil, flocas ceallalóise nó uigí de shnáithíní ceallalóise, de chineál a úsáidtear chun críocha teaghlaigh nó sláintíochta, ina rollaí a bhfuil leithead nach mó ná 36cm iontu, nó gearrtha ar thomhas nó ar chruth; ciarsúir, ciarsúir níocháin, tuáillí, éadaí bhoird, naipcíníboird, braitlíní leapa agus nithe comhchosúla teaghlaigh, sláintíochta nó ospidéil, baill éadaigh agus gabhálais éadaigh, as laíon páipéir, as páipéar, flocas ceallalóise nó uigí de shnáithíní ceallalóise:**		
4818 10	– **Páipéar leithris:**		
4818 10 10	–– a bhfuil meáchan 25 g/m² nó níos lú in aghaidh an duail ann	Díolúine	—
4818 10 90	–– a bhfuil meáchan 25 g/m² nó níos mó in aghaidh an duail ann	Díolúine	—
4818 20	– **Ciarsúir ghlantach nó ciarsúir éadain agus tuáillí éadain:**		
4818 20 10	–– Ciarsúir agus ciarsúir ghlantach nó ciarsúir éadain	Díolúine	—
	–– Tuáillí láimhe:		
4818 20 91	––– ina rollaí	Díolúine	—
4818 20 99	––– eile	Díolúine	—
4818 30 00	– **Éadaí agus naipcíní boird**	Díolúine	—
4818 50 00	– **Baill éadaigh agus gabhálais éadaigh**	Díolúine	—
4818 90	– **eile:**		
4818 90 10	–– Nithe de chineál a úsáidtear chun críocha máinliachta, míochaine nó sláinteachais, nach bhfuil cóirithe lena miondíol	Díolúine	—
4818 90 90	–– eile	Díolúine	—
4819	**Cartáin, boscaí, cásanna, málaí agus coimeádáin eile phacála, déanta as páipéar, páipéarchlár, flocas ceallalóise nó as uigí de shnáithíní ceallalóise; comhaid bhosca, tráidirí litreach, agus earraí comhchosúla, as páipéar nó as páipéarchlár, de chineál a úsáidtear in oifigí, i siopaí nó a leithéidí:**		
4819 10 00	– **Cartáin, boscaí agus cásanna, as páipéar roctha nó as páipéarchlár roctha**	Díolúine	—
4819 20 00	– **Cartáin, boscaí agus cásanna fillte, déanta as páipéar nó páipéarchlár neamhroctha**	Díolúine	—
4819 30 00	– **Saic agus málaí, a bhfuil bonn ar leithead 40 cm nó níos mó acu**	Díolúine	—
4819 40 00	– **Saic eile agus málaí eile, lena n-áirítear cóin**	Díolúine	—
4819 50 00	– **Coimeádáin eile pacála, lena n-áirítear clúdaigh cheirnín**	Díolúine	—
4819 60 00	– **Comhaid bhosca, tráidirí litreach, boscaí stórála agus earraí comhchosúla, de chineál a úsáidtear in oifigí, i siopaí nó a leithéidí**	Díolúine	—
4820	**Cláir, leabhair chuntais, leabhair nótaí, leabhair orduithe, leabhair admhála, bloic litreach, bloic mheabhráin, dialanna agus earraí comhchosúla, leabhair chleachtaidh, bloic shúite, ceangláin (do leathanaigh scaoilte nó eile), fillteáin, clúdaigh chomhaid, foirmeacha ilchóipe gnó, foirne carbóin idirdhuillitheagus nithe eile stáiseanóireachta, as páipéar nó as páipéarchlár; albaim le haghaidh samplaí nó bailiúchán agus clúdaigh leabhar, as páipéar nó as páipéarchlár:**		
4820 10	– **Cláir, leabhair chuntais, leabhair nótaí, leabhair orduithe, leabhair admhála, bloic litreach, bloic mheabhráin, dialanna agus nithe comhchosúla:**		
4820 10 10	–– Cláir, leabhair chuntais, leabhair orduithe agus leabhair admhála	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4820 10 30	–– Leabhair nótaí, bloic litreach agus bloic mheabhráin	Díolúine	—
4820 10 50	–– Dialanna	Díolúine	—
4820 10 90	–– eile	Díolúine	—
4820 20 00	– **Leabhair chleachtaidh**	Díolúine	—
4820 30 00	– **Ceangláin (seachas clúdaigh leabhair) fillteáin agus clúdaigh chomhaid**	Díolúine	—
4820 40 00	– **Foirmeacha ilchóipe gnó agus foirne carbóin idirdhuillithe**	Díolúine	—
4820 50 00	– **Albaim le haghaidh samplaí nó bailiúchán**	Díolúine	—
4820 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4821	**Lipéid pháipéir nó pháipéarchláir de gach cineál, bídís clóite nó ná bídís:**		
4821 10	– **iad priontáilte:**		
4821 10 10	–– féinghreamaitheach	Díolúine	—
4821 10 90	–– eile	Díolúine	—
4821 90	– **eile:**		
4821 90 10	–– féinghreamaitheach	Díolúine	—
4821 90 90	–– eile	Díolúine	—
4822	**Eiteáin, spóil, próistí agus tacaí comhchosúla, as laíon adhmaid, as páipéar nó as páipéarchlár (bídís pollta nó cruaite nó ná bídís):**		
4822 10 00	– **de chineál a úsáidtear chun snáth teicstíle a chasadh**	Díolúine	—
4822 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4823	**Páipéar eile, páipéarchlár eile, flocas ceallalóise eile agus uigí de shnáithíní ceallalóise eile, gearrtha ar thomhas nó ar chruth; as laíon páipéir, páipéar, páipéarchlár, flocas ceallalóise nó as gréasáin de shnáithíní ceallalóise:**		
4823 20 00	– **Páipéar scagaire agus páipéarchlár scagaire**	Díolúine	—
4823 40 00	– **Rollaí, leatháin agus diaileanna, clóite le haghaidh gléasra féintaifeadta**	Díolúine	—
	– **Tráidirí, gréithe, plátaí agus cupáin agus a leithéid, as páipéar nó as páipéarchlár:**		
4823 61 00	–– **as bambú**	Díolúine	—
4823 69	–– **eile:**		
4823 69 10	––– Tráidirí, gréithe agus plátaí	Díolúine	—
4823 69 90	––– eile	Díolúine	—
4823 70	– **Nithe atá múnlaithe nó brúite as laíon adhmaid:**		
4823 70 10	–– Tráidirí múnlaithe agus boscaí múnlaithe le huibheacha a phacáil	Díolúine	—
4823 70 90	–– eile	Díolúine	—
4823 90	– **eile:**		
4823 90 40	–– Páipéar agus páipéarchlár, de chineál a úsáidtear chun críocha scríbhneoireachta, clódóireachta nó chun críocha eile grafaice	Díolúine	—
4823 90 85	–– eile	Díolúine	—

CAIBIDIL 49

LEABHAIR CHLÓITE, NUACHTÁIN, PICTIÚIR AGUS TÁIRGÍ EILE NA TIONSCLAÍOCHTA CLÓDÓIREACHTA; LÁMHSCRÍBHINNÍ, CLÓSCRÍBHINNÍ AGUS PLEANANNA

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo:

   a) claonchlónna ná dearbhchlónna grianghrafadóireachta atá ar bhonn trédhearcach (Caibidil 37);

   b) léarscáileanna, pleananna ná cruinneoga ar a bhfuil rilíf, bídís clóite nó ná bídís (ceannteideal 9023);

   c) cártaí imeartha ná táirgí eile atá faoi Chaibidil 95; ná

   d) bunghreanadh, bunphriontaí ná bunliteagraif (ceannteideal 9702), stampaí poist nó ioncaim, postmharcanna stampaí, cumhdaithe don chéadlá, páipéarachas poist agus a leithéidí atá faoi cheannteideal 9704, seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois ná earraí eile atá faoi Chaibidil 97.

2. Chun críocha Chaibidil 49, ciallaíonn an téarma 'clóite' go bhfuil an t-earra atáirgthe le hinneall dúblála, táirgthe faoi rialú meaisín próiseála sonraí uathoibríoch, é cabhartha, grianghraf glactha de, é fótachóipeáilte, teirmeachóipeáilte nó clóscríofa.

3. Tá nuachtáin, irisí agus tréimhseacháin atá ceangailte seachas a bheith ceangailte i bpáipéar, agus sraitheanna nuachtán, irisí nó tréimhseachán ar a bhfuil níos mó ná uimhir amháin faoi chlúdach amháin le haicmiú i gceannteideal 4901, bíodh ábhar fógraíochta iontu nó ná bíodh.

4. Faoi cheannteideal 4901 cumhdaítear freisin:

   a) bailiúchán macasamhlacha clóite de shaothair ealaíne nó líníochtaí, mar shampla, lena ngabhann téacs gaolmhar, a chuirtear in airde agus lena ngabhann leathanaigh uimhrithe i bhfoirm atá oiriúnach lena gceangal in imleabhar amháin nó níos mó;

   b) forlíonadh pictiúrtha a ghabhann le himleabhar ceangailte, agus ar forlíonadh ar an imleabhar sin atá ann; agus ag a bhfuil

   c) codanna clóite de leabhair nó de leabhráin, i bhfoirm leathán nó sínithe aonair nó bailithe, arb é atá iontu saothar iomlán nó cuid de shaothar iomlán agus atá deartha lena gceangal.

   Mar sin féin, tagann pictiúir chlóite nó léiriúcháin nach bhfuil téacs ag gabháil leo, bídís i bhfoirm sínithe nó leathán aonair, faoi cheannteideal 4911.

5. Faoi réir nóta 3 a ghabhann leis an gcaibidil seo, ní chumhdaítear le ceannteideal 4901 foilseacháin atá dírithe ar an bhfógraíocht (bróisiúir, paimfléid, bileoga, catalóga trádála, bliainirisí arna bhfoilsiú ag comhlachais trádála, bolscaireacht turasóireachta, mar shampla). Tá foilseacháin den chineál sin le haicmiú faoi cheannteideal 4911.

6. Chun críocha cheannteideal 4903, ciallaíonn an abairt 'leabhair pictiúr do leanaí' leabhair do leanaí inarb iad na pictiúir is mó is díol suime agus inar rud forlíontach atá sa téacs.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4901	**Leabhair chlóite, bróisiúir, bileoga eolais, agus ábhar clóite comhchosúil, bídís ina mbileoga aonair nó ná bídís:**		
4901 10 00	– **ina mbileoga aonair, bídís fillte nó ná bídís**	Díolúine	—
	– **eile:**		
4901 91 00	–– **Foclóirí agus ciclipéidí, agus tráthchodanna srathacha díobh**	Díolúine	—
4901 99 00	–– **eile**	Díolúine	—
4902	**Nuachtáin, irisleabhair agus tréimhseacháin, bíodh léaráidí nó ábhar fógraíochta iontu nó ná bíodh:**		
4902 10 00	– **a bhíonn ar fáil ceithre huaire sa tseachtain ar a laghad**	Díolúine	—
4902 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4903 00 00	**Leabhair phictiúr, líníochta nó dathúcháin do leanaí**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
4904 00 00	**Leabhair cheoil, clóite nó i lámhscríbhinn, bídís cuimsithe nó maisithe nó ná bídís**	Díolúine	—
4905	**Léarscáileanna agus cairteacha hidreagrafacha nó comhchosúla, de gach cineál, lena n-áirítear atlais, léarscáileanna balla, pleananna topagrafacha agus cruinneoga, clóite:**		
4905 20 00	– **i bhfoirm leabhair**	Díolúine	—
4905 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4906 00 00	**Pleananna agus líníochtaí chun críocha ailtireachta, tionsclaíochta, tráchtála, topagrafaíochta nó críoch comhchosúil, ar bunábhair a tarraingíodh de láimh iad; téacsanna lámhscríofa; macasamhlacha fótagrafacha ar pháipéar íograithe agus cóipeanna carbóin den mhéid réamhráite**	Díolúine	—
4907 00	**Stampaí poist nó ioncaim nár úsáideadh nó stampaí comhchosúla a eisíodh cheana sa tír ina bhfuil luach ainmniúil aitheanta acu nó a eiseofar as an nua sa tír ina mbeidh an t-aitheantas sin acu; páipéar ar a bhfuil stampaí buailte; nótaí bainc; foirmeacha seic; teastais stoic, scaire nó banna agus doiciméid chomhchosúla eile teidlíochta:**		
4907 00 10	– Stampaí poist, ioncaim agus stampaí comhchosúla	Díolúine	—
4907 00 30	– Nótaí bainc	Díolúine	—
4907 00 90	– eile	Díolúine	—
4908	**Aistreoga (décalomanie):**		
4908 10 00	– **Aistreoga (décalomanie), aistreoga inghloinithe**	Díolúine	—
4908 90 00	– **eile**	Díolúine	—
4909 00 00	**Cártaí poist atá clóite nó maisithe; cártaí clóite a bhfuil beannachtaí pearsanta, teachtaireachtaí nó fógraí orthu, bídís maisithe nó ná bídís, bíodh clúdaigh litreach nó ciumhsóga leo nó ná bíodh**	Díolúine	—
4910 00 00	**Féilirí de chineál ar bith, iad clóite, lena n-áirítear blocfhéilirí**	Díolúine	—
4911	**Ábhair phriontáilte eile, lena n-áirítear pictiúir chlóite agus grianghraif:**		
4911 10	– **Ábhar fógraíochta tráchtála, catalóga tráchtála agus a leithéid sin:**		
4911 10 10	–– Catalóga tráchtála	Díolúine	—
4911 10 90	–– eile	Díolúine	—
	– **eile:**		
4911 91 00	–– **Pictiúir, dearaí agus grianghraif**	Díolúine	—
4911 99 00	–– **eile**	Díolúine	—

ROINN XI

TEICSTÍLÍ AGUS EARRAÍ TEICSTÍLE

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an roinn seo an méid seo a leanas:

   a) guairí ainmhithe nó fionnadh ainmhíoch lena ndéantar scuaba (ceannteideal 0502); rón nó dramhaíl róin (ceannteideal 0511);

   b) gruaig dhaonna nó earraí ó ghruaig dhaonna (ceannteideal 0501, 6703 nó 6704), seachas éadach scagacháin nó scagtha de chineál a úsáidtear go coitianta i bhfáisceáin ola nó a leithéidí (ceannteideal 5911);

   c) lintir chadáis nó ábhair phlandúla eile faoi Chaibidil 14;

   d) aispeist atá faoi cheannteideal 2524 nó earraí aispeiste nó táirgí eile faoi cheannteideal 6812 nó 6813;

   e) earraí faoi cheannteideal 3005 nó 3006; abhras a úsáidtear chun an chuid idir na fiacla a ghlanadh (flas fiacla), i bpacáistí miondíola aonair, atá faoi cheannteideal 3306;

   f) teicstílí íograithe atá faoi cheannteidil 3701 go 3704;

   g) aonfhiliméad ar mó aon toise trasghearrthach de ná 1 mm nó stiall nó a leithéid (mar shampla, tuí shaorga) ar mó ná 5 mm a leithead dealraitheach, de phlaistigh (Caibidil 39), nó duailíní nó fabraicí nó cis-earraí nó earraí caolaigh eile den aonfhiliméad sin nó den stiall sin (Caibidil 46);

   h) fabraicí fite, cniotáilte nó cróiseáilte, feilt nó ábhair neamhfhite, atá tuilithe, brataithe, cumhdaithe nó lannaithe le plaistigh, nó earraí díobh, faoi Chaibidil 39;

   ij) fabraicí fite, cniotáilte nó cróiseáilte, feilt nó ábhair neamhfhite, atá tuilithe, brataithe, cumhdaithe nó lannaithe le rubar, nó earraí díobh, atá faoi Chaibidil 40;

   k) seithí nó craicne a bhfuil an ghruaig nó an olann orthu (Caibidil 41 nó Caibidil 43) nó earraí fionnadhsheithe, fionnadh saorga nó earraí déanta de sin, atá faoi cheannteideal 4303 nó 4304;

   l) earraí as ábhair theicstíle atá faoi cheannteideal 4201 nó 4202;

   m) táirgí nó earraí atá faoi Chaibidil 48 (mar shampla, flocas ceallalóise);

   n) coisbheart nó codanna de choisbheart, loirgneáin nó luiteoga nó earraí comhchosúla atá faoi Chaibidil 64;

   o) eangacha gruaige nó ceannbheart eile nó páirteanna díobh atá faoi Chaibidil 65;

   p) earraí atá faoi Chaibidil 67;

   q) ábhar teicstíle scráb-bhrataithe (ceannteideal 6805) agus snáithíní carbóin nó earraí déanta as snáithíní carbóin freisin faoi cheannteideal 6815;

   r) snáithíní gloine nó earraí atá déanta as snáithíní gloine, seachas bróidnéireacht le snáithe gloine ar bhonnachar infheicthe fabraice (Caibidil 70);

   s) earraí atá faoi Chaibidil 94 (mar shampla, troscán, cóir leapa, soilse agus feistis soilsithe);

   t) earraí atá faoi Chaibidil 95 (mar shampla, bréagáin, cluichí, earraí riachtanacha spóirt agus líontáin);

   u) earraí atá faoi Chaibidil 96 (mar shampla, scuaba, gléas fuála i gcomhair taisteal, ceangail sleamhnáin ribíní clóscríobháin, tuáillí sláintíochta (pillíní) agus súitíní, naipcíní boird agus líneálaigh naipcín); nó

   v) earraí atá faoi Chaibidil 97.

2. A) Earraí atá inaicmithe i gCaibidlí 50 go 55 nó atá faoi cheannteideal 5809 nó 5902 agus aicmeofar meascán de dhá ábhar teicstíle nó níos mó amhail is gurb é atá iontu an t-aon ábhar teicstíle sin amháin go hiomlán, is troime de réir meáchain ná aon ábhar teicstíle aonair ar bith eile.

I gcás nach troime aon ábhar teicstíle amháin de réir meáchain ná gach ceann eile, aicmeofar na hearraí amhail is gurb é atá iontu an t-aon ábhar teicstíle sin amháin go hiomlán, a chumhdaítear leis an gceannteideal deiridh san ord uimhriúil ina measc siúd lena mbaineann fiúntas comhionann le hiad a bhreithniú.

B) Chun críocha na rialach thuas:

a) maidir le snáth róin galúnaithe (ceannteideal 5110) agus snáth miotalaithe (ceannteideal 5605 táthar le déileáil leo mar aon ábhar teicstíle amháin a bhfuil a mheáchan le glacadh mar chomhiomlán mheáchain a chomhpháirteanna; chun fabraicí fite a aicmiú, táthar le meas gur ábhar teicstíle é an snáithe miotail;

b) cuirfear roghnú an cheannteidil iomchuí i gcrích tríd an gcaibidil a chinneadh ar dtús agus ansin an ceannteideal is infheidhme laistigh den chaibidil sin, gan beann ar aon ábhair nach n-aicmítear sa chaibidil sin;

c) nuair atá baint ag Caibidlí 54 agus 55 araon le haon chaibidil eile, déileálfar le Caibidlí 54 agus 55 mar aon chaibidil amháin;

d) i gcás ina dtagraítear le caibidil nó le ceannteideal d'earraí atá déanta as ábhair theicstíle dhifriúla, déileálfar leis na hearraí sin mar aon ábhar teicstíle amháin.

C) Is infheidhme forálacha mhíreanna (A) agus (B) thuas maidir leis na snáthanna dá dtagraítear i nótaí 3, 4, 5 nó 6 thíos freisin.

3. A) Chun críocha na roinne seo, agus faoi réir na n-eisceachtaí i mír (B) thíos, déileálfar le snáthanna (singile, iolracha (fillte) nó cáblaithe) lena mbaineann na tuairiscí seo a leanas, mar 'sreangán, téadra, téada agus cáblaí':

a) atá déanta as síoda nó as dramhshíoda, atá níos mó ná 20 000 deiciteics ar dlús;

b) atá déanta as shnáithíní saorga (lena n-áirítear snáth de dhá aonfhiliméad nó níos mó faoi Chaibidil 54), atá níos mó ná 10 000 deiciteics ar dlús;

c) atá déanta as fíorchnáib nó as líon:

1) snasta nó glónraithe, atá 1 429 deiciteics nó níos mó ar dlús; nó

2) nach bhfuil snasta ná glónraithe, atá níos mó ná 20 000 deiciteics ar dlús;

d) as coighir, arb é atá inti trí dhual nó níos mó;

e) as snáithíní plandúla eile atá níos mó ná 20 000 deiciteics ar dlús; nó

f) atá atreisithe le snáithe miotail.

B) Eisceachtaí:

a) snáth olla nó fionnadh ainmhíoch eile agus snáth páipéir, seachas snáth atá atreisithe le snáithe miotail;

b) barrach filiméid shaorga faoi Chaibidil 55 agus snáth ilfhiliméid nach bhfuil casta nó atá casta agus níos lú ná cúig chasadh in aghaidh an mhéadair ann faoi Chaibidil 54;

c) inní seiriceáin atá faoi cheannteideal 5006, agus aonfhiliméid atá faoi Chaibidil 54;

d) snáth miotalaithe atá faoi cheannteideal 5605; tá snáth atá atreisithe le snáithe miotail faoi réir mhír (A)(f) thuas; agus

e) snáth chenille, snáth galúnaithe agus snáth buinne lúibe atá faoi cheannteideal 5606.

4. A) Chun críocha Chaibidlí 50, 51, 52, 54 agus 55, ciallaíonn an nath ‘cóirithe lena míondíol’ i ndáil le snáth, faoi réir na n-eisceachtaí i mír (B) thíos, snáth (singil, iolrach (fillte) nó cáblaithe) atá cóirithe:

   a) ar chártaí, i gcornáin, i bhfeadáin nó ar thacaí comhchosúla, a bhfuil meáchan iontu (taca san áireamh) nach mó ná:

      1) 85 g i gcás síoda, dramhaíl síoda nó snátha filiméid de dhéantús an duine; nó

      2) 125 g i gcásanna eile;

   b) ina liathróidí, ina ngiomháin nó ina scáinní a bhfuil meáchan iontu nach mó ná:

      1) 85 g i gcás snátha filiméid shaorga atá 3 000 deiciteics nó níos lú ar dlús, síoda nó dramhshíoda;

      2) 125 g i gcás gach snátha eile atá níos lú ná 2 000 deiciteics ar dlús; nó

      3) 500 g i gcásanna eile;

   c) ina ngiomháin nó ina scáinní atá comhdhéanta de roinnt giomhán nó scáinní níos lú atá deighilte le snáitheanna dealaitheacha lena bhfágtar iad neamhspleách ar a chéile, agus meáchan aonfhoirmeach iontu nach mó ná

      1) 85 g i gcás síoda, dramhaíl síoda nó snátha filiméid de dhéantús an duine; nó

      2) 125 g i gcásanna eile.

   B) Eisceachtaí:

   a) snáth singil as aon ábhar teicstíle, seachas:

      1) snáth singil olla nó as fionnadh ainmhíoch mín, agus é neamhthuartha; agus

      2) snáth singil olla nó as fionnadh ainmhíoch mín, agus é neamhthuartha, ruaimnithe nó priontáilte, atá níos mó ná 5 000 deiciteics ar dlús;

   b) snáth iolrach (fillte) nó cáblaithe, neamhthuartha:

      1) as síoda nó as dramhaíl síoda, cibé caoi a bhfuil sé cóirithe; nó

      2) as aon ábhar teicstíle eile seachas ola nó fionnadh ainmhíoch mín, ina ngiomháin nó ina scáinní;

   c) snáth iolrach (fillte) nó cáblaithe síoda nó dramhaíl síoda, neamhthuartha, ruaimnithe nó priontáilte, atá 133 deiciteics ar dlús nó níos lú; agus

   d) snáth singil, iolrach (fillte) nó cáblaithe as aon ábhar teicstíle:

      1) ina ngiomháin crosthochraiste nó ina scáinní crosthochraiste; nó

      2) cóirithe ar thacaí nó ar bhealach éigin eile lena léirítear a úsáid sa tionscal teicstíle (mar shampla, ar phróistí, feadáin muilinn chasta, spúilíní, eiteáin chónúla nó fearsaidí cónúla, nó tochraiste i bhfoirm chocún le haghaidh seoltaí bróidnéireachta).

5. Chun críocha ceannteideal 5204, 5401 agus 5508, ciallaíonn an nath ‘snáithe fuála’ snáth iolrach (fillte) nó cáblaithe:

   a) atá cóirithe ar thacaí (mar shampla, ar spóil, ar fheadáin) a bhfuil meáchan iontu (taca san áireamh) nach mó ná: 1 000 gram;

   b) cóirithe lena úsáid mar shnáithe fuála; agus

   c) a bhfuil casadh críochnaitheach ‘Z’ ann.

6. Chun críocha na roinne seo, ciallaíonn an nath ‘snáth ardrighnis’ snáth ina bhfuil righneas a shloinntear in cN/tex (ceintiniútain in aghaidh na teic), righneas is mó ná an méid seo a leanas:

— snáth singil atá déanta as níolón nó as polaimídí eile, nó as poileistir:	60 cN/tex,
— snáth singil, iolrach (fillte) nó cáblaithe as níolón nó as polaimídí eile, nó as poileistir:	53 cN/tex,
— snáth singil, iolrach (fillte) nó cáblaithe as réón vioscósach:	27 cN/tex.

7. Chun críocha na roinne seo, ciallaíonn an nath ‘cóirithe’:

a) gearrtha ar bhealach eile seachas ina gcearnóga ná ina ndronuilleoga;

b) táirgthe sa staid chríochnaithe, réidh lena úsáid (nó gan le déanamh ach iad a scaradh trí snáitheanna dealaitheacha a ghearradh) gan fuáil ná saoirsiú eile (mar shampla, glantóirí deannaigh áirithe, tuáillí, éadaigh bhoird, cearnóga scairfeanna, blaincéid);

c) gearrtha ar thomhas agus aon chiumhais theas-séalaithe amháin ar a laghad agus teorainn a bheidh barrchaolaithe nó comhbhrúite go sofheicthe agus na ciumhaiseanna eile láimhseáilte mar a thuairiscítear in aon fhomhír eile den nóta sin, cé is moite d’fhaibricí, ar coisceadh roiseadh chiumhaiseanna gearrtha na bhfabraicí sin le teoghearradh nó le bealaí simplí eile;

d) fáithimithe nó ag a bhfuil ciumhaiseanna rollta, nó frainse snaidhmthe ar aon cheann de na ciumhaiseanna, ach cé is moite d’fhaibricí, ar coisceadh roiseadh chiumhaiseanna gearrtha na bhfabraicí sin le searbháil nó le bealaí simplí eile;

e) gearrtha ar thomhas agus a cuireadh faoi phróiseas saothair snátha tharraingthe;

f) cóimeáilte le fuáil, gumú nó ar bhealach eile (seachas earraí de réir an phíosa arb é atá iontu dhá fhad nó níos mó d’ábhar comhionann atá siúntáilte ó cheann go ceann agus earraí de réir an phíosa arb é atá iontu dhá theicstíl nó níos mó atá cóimeáilte ina sraitheanna bíodh siad stuáilte nó ná bíodh);

g) cniotáilte nó cróiseáilte ar chruth, bíodh siad curtha i láthair ina n-ítimí ar leithligh nó i bhfoirm roinnt nithe san fhad nó ná bíodh.

8. Chun críocha Chaibidlí 50 go 60:

a) Níl feidhm ag Caibidlí 50 go 55 agus 60 agus, ach amháin i gcás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, níl feidhm ag Caibidlí 56 go 59 maidir le hearraí atá cóirithe de réir bhrí nóta 7 thuas; agus

b) Níl feidhm ag Caibidlí 50 go 55 agus 60 maidir le hearraí faoi Chaibidlí 56 go 59.

9. Áirítear leis na fabraicí fite faoi Chaibidlí 50 go 55 fabraicí arb é atá iontu sraitheanna de shnáthanna teicstíle comhthreomhara atá forshuite ar a chéile ar géaruillinn nó ar dronuillinn. Nasctar na sraitheanna sin in áiteanna a dtagann na snáthanna le chéile le greamachán nó le nascadh teirmeach.

10. Aicmítear táirgí leaisteacha arb é atá iontu ábhair theicstíle atá comhcheangailte le snáitheanna rubair sa roinn seo freisin.

11. Chun críocha na roinne seo, áirítear ‘tumtha’ leis an nath ‘tuilithe’.

12. Chun críocha na roinne seo, áirítear ‘araimídí leis an nath ‘polaimídí’.

13. Chun críocha na roinne seo agus, i gcás inarb infheidhme, ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath 'snáth leaistiméireach' snáth filiméid, lena n-áirítear aonfhiliméad, as ábhar teicstíle sintéiseach, seachas snáth uigeach, nach mbristear agus é á shíneadh go mbeidh trí oiread a fhaid tosaigh ann agus a fhilleann, tar éis dó a bheith sínte go raibh dhá oiread a fhaid tosaigh ann, laistigh de chúig nóiméad, ar fhad nach mó ná a fhad tosaigh agus a leath sin sa bhreis air ann.

14. Ach amháin sa chás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, aicmeofar éadaí teicsctíle faoi cheannteidil dhifriúla faoi na ceannteidil dá gcuid féin, fiú má tá siad cóirithe ina dtacair lena miondíol. Chun críocha an nóta seo, ciallaíonn an nath 'éadaí teicstíle' éadaí faoi cheannteidil 6101 go 6114 agus faoi cheannteidil 6201 go 6211.

15. Faoi réir nóta 1 a ghabhann le Roinn XI, maidir le teicstílí, éadaí agus earraí teicstíle eile, gona gcomhpháirteanna ceimiceacha, meicniúla nó leictreonacha i gcomhair breis feidhmiúlachta, más ina gcomhpháirteanna bunúsacha iad nó má tá siad laistigh den snáth nó den fhabraic, is ina gceannteidil féin faoi seach i Roinn XI a aicmítear iad ar choinníoll go gcoinníonn siad buntréithe fíor-riachtanacha na n-earraí faoin roinn seo.

Nótaí na bhfo-cheannteideal

1. Sa roinn seo agus, i gcás inarb infheidhme, ar fud na hainmníochta, tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na nathanna seo a leanas:

   a) 'Snáth neamhthuartha':

      Snáth arb amhlaidh maidir leis:

      1) tá dath nádúrtha na snáithíní ar comhábhair iad de air agus níor tuaradh, níor ruaimníodh (bíodh sé sa mhais nó ná bíodh) ná níor priontáladh iad; nó

      2) tá dath neamhchinntithe air (snáth liath), agus é monaraithe ó stoc gairnéadaithe.

         Féadfaidh snáth den sórt sin a bheith cóireáilte le treiscín gan dath nó le ruaim neamhbhuan (a imíonn as tar éis é a ní go simplí le gallúnach) agus, i gcás snáithíní de dhéantús an duine, a cóiríodh sa mhais le hoibreáin dhílonraithe (mar shampla, dé-ocsaíd tíotáiniam).

   b) 'Snáth tuartha':

      Snáth arb amhlaidh maidir leis:

      1) chuaigh sé faoi phróiseas tuartha, tá sé déanta de shnáithíní tuartha, nó mura gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, gur ruaimníodh é go mbeadh dath bán air (bíodh sé sa mhais nó ná bíodh) nó cóireáladh le treiscín bán é;

      2) arb é atá ann meascán de shnáithíní neamhthuartha agus tuartha; nó

      3) snáth iolrach (fillte) nó cáblaithe is ea é arb é atá ann snáthanna neamhthuartha agus tuartha.

   c) 'Snáth daite (ruaimnithe nó priontáilte)':

      Snáth arb amhlaidh maidir leis:

      1) tá sé ruaimnithe (bíodh sé sa mhais nó ná bíodh) agus tá dath seachas bán nó dath neamhbhuan air, nó tá sé priontáilte, nó déanta de shnáithíní ruaimnithe nó priontáilte;

      2) gurb é atá ann meascán de shnáithíní ruaimnithe ar dhathanna difriúla nó meascán de shnáithíní neamhthuartha nó tuartha le shnáithíní daite (snáthanna mairle nó snáthanna meascáin), nó tá sé priontáilte agus breis agus aon dath amháin air le hachar eatarthu chun cosúlacht phoncanna a léiriú;

      3) faightear é ó shlisní nó ó chaisirníní atá priontáilte; nó

      4) snáth iolrach (fillte) nó cáblaithe is ea é agus gurb é atá ann snáth neamhthuartha nó tuartha agus snáth daite.

      Is infheidhme na sainmhínithe thuas freisin, *mutatis mutandis*, maidir le haonfhiliméad agus le stiall nó a leithéid atá faoi Chaibidil 54.

d) ‘Fabraic fhite neamhthuartha’:

Fabraic fhite atá déanta de shnáth neamhthuartha agus nár tuaradh, nár ruaimníodh ná nár priontáladh. Féadfaidh fabraic den sórt sin a bheith cóireáilte le treiscín gan dath nó le ruaim.

e) ‘Fabraic fhite thuartha’:

Fabraic fhite arb amhlaidh maidir léi:

1) a ndearnadh í a thuar nó, ach amháin má éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, a ndearnadh í a thuar le dath bán nó a chóireáil le treiscín bán, sa phíosa;

2) gurb é atá inti snáth tuartha; nó

3) gurb é atá inti snáthanna neamhthuartha agus tuartha.

f) ‘Fabraic fhite ruaimnithe’:

Fabraic fhite arb amhlaidh maidir léi:

1) tá sí ruaimnithe go mbeidh aon dath aonfhoirmeach uirthi seachas bán (mura gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs) nó cóireáladh le bailchríoch dhaite seachas bán í (mura gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs), sa phíosa; nó

2) arb é atá inti snáth daite ar aon dath amháin.

g) ‘Fabraic fhite de shnáthanna ar dhathanna difriúla’:

Fabraic fhite (seachas fabraic fhite phriontáilte) arb amhlaidh maidir léi:

1) arb é atá inti snáthanna ar dhathanna éagsúla nó snáthanna ar scáileanna den dath céanna (seachas dath nádúrtha na snáithíní comhábhair);

2) gurb é atá inti snáth neamhthuartha nó tuartha agus snáth daite; nó

3) gurb é atá inti snáthanna mairle nó snáthanna meascáin.

(I ngach cás, ní chuirtear an snáth a úsáidtear i ndlúthchiumhaiseanna agus i mbunanna na bpíosaí san áireamh.)

h) ‘Fabraic fhite phriontáilte’:

Fabraic fhite a priontáladh sa phíosa, bíodh sé déanta de shnáthanna ar dhathanna difriúla nó ná bíodh.

(Meastar iad seo a leanas a bheith ina bhfabraicí fite priontáilte chomh maith: fabraicí fite ar a bhfuil dearaí a rinneadh, mar shampla, le scuab nó spraeghunna, trí bhíthin páipéar aistreoige, le flocas nó leis an bpróiseas baitíce.)

Ní bhíonn tionchar ag meirsiriú ar aicmiú snáthanna ná fabraicí laistigh de na catagóirí thuas.

Is infheidhme na sainmhínithe ag (d) go (h) thuas, *mutatis mutandis*, maidir le fabraicí cniotáilte nó cróiseáilte

ij) ‘Fí phléineáilte’:

Déantús fabraice ina dtéann gach snáth den inneach thar agus faoi shnáthanna comhleanúnacha an dlúith gach re seach agus ina dtéann gach snáth den dlúth thar agus faoi shnáthanna comhleanúnacha an dlúith gach re seach.

2. A) Maidir le táirgí atá faoi Chaibidlí 56 go 63 ina bhfuil dhá ábhar teicstíle nó níos mó, measfar gurb é atá iontu an t-ábhar teicstíle sin go hiomlán, ar ábhar teicstíle é a roghnófaí faoi nóta 2 a ghabhann leis an roinn seo chun táirge a aicmiú faoi Chaibidlí 50 go 55 nó faoi cheannteideal 5809 arb é atá ann na hábhair theicstíle chéanna.

   B) Chun an riail sin a chur i bhfeidhm:

      a) i gcás inarb iomchuí, ní chuirfear san áireamh ach an chuid lena gcinntear an t-aicmiú faoi riail léirmhínithe 3;

      b) i gcás táirgí teicstíle arb é atá iontu fabraic ag a bhfuil bonnachar agus dromchla caitíneach nó lúbtha, ní chuirfear an fhabraic ag a bhfuil bonnachar san áireamh ar chor ar bith;

      c) i gcás bróidnéireachta faoi cheannteideal 5810 agus earraí di, ní chuirfear san áireamh ach an fhaibric ag a bhfuil bonnachar agus í sin amháin. I gcás bróidnéireacht gan bonnachar infheicthe, agus earraí di, áfach, aicmeofar iad le tagairt do na snáitheanna bróidnéireachta amháin.

CAIBIDIL 50

SÍODA

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
5001 00 00	**Cocúin seiriceáin atá oiriúnach lena dtochras**	Díolúine	—
5002 00 00	**Síoda amh (neamhchasta)**	Díolúine	—
5003 00 00	**Dramhshíoda (lena n-áirítear cocúin nach bhfuil oiriúnach lena dtochras, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe)**	Díolúine	—
5004 00	**Snáth síoda (seachas snáth a sníomhadh as dramhshíoda) nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol:**		
5004 00 10	– neamhthuartha, sciúrtha nó tuartha	4	—
5004 00 90	– eile	4	—
5005 00	**Snáth a sníomhadh as dramhshíoda, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol:**		
5005 00 10	– neamhthuartha, sciúrtha nó tuartha	2,9	—
5005 00 90	– eile	2,9	—
5006 00	**Snáth síoda agus snáth a sníomhadh as dramhshíoda, atá cóirithe lena mhiondíol; putóg seiriceáin:**		
5006 00 10	– Snáth síoda	5	—
5006 00 90	– Snáth a sníomhadh as scoth nó as dramhshíoda eile; putóg seiriceáin	2,9	—
5007	**Fabraicí fite as síoda nó as dramhshíoda:**		
5007 10 00	– **Fabraicí as síoda scotha**	3	m²
5007 20	– **fabraicí eile, ina bhfuil 85 % nó níos mó, dé réir meáchain, de shíoda nó de dhramhshíoda seachas síoda scotha:**		
	–– Sípris:		
5007 20 11	––– neamhthuartha, sciúrtha nó tuartha	6,9	m²
5007 20 19	––– eile	6,9	m²
	–– Painsí, heabútáí, hanán, seantúng, córa agus fabraicí comhchosúla eile an Chianoirthir, go hiomlán as síoda (gan bheith measctha le scoth ná le dramhshíoda eile ná le hábhair eile teicstílí):		
5007 20 21	––– fí phléineáilte, neamhthuartha nó gan próiseáil eile seachas sciúradh	5,3	m²
	––– eile:		
5007 20 31	–––– fí phléineáilte	7,5	m²
5007 20 39	–––– eile	7,5	m²
	–– eile:		
5007 20 41	––– Fabraicí trédhearcacha (fí-oscailte)	7,2	m²
	––– eile:		
5007 20 51	–––– neamhthuartha, sciúrtha nó tuartha	7,2	m²
5007 20 59	–––– iad ruaimnithe	7,2	m²

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
5007 20 60	– – – – as snáitheanna ar dhathanna éagsúla	7,2	m^2
5007 20 71	– – – – iad priontáilte	7,2	m^2
5007 90	– **Fabraicí eile:**		
5007 90 10	– – neamhthuartha, sciúrtha nó tuartha	6,9	m^2
5007 90 30	– – iad ruaimnithe	6,9	m^2
5007 90 50	– – as snáitheanna ar dhathanna éagsúla	6,9	m^2
5007 90 90	– – iad priontáilte	6,9	m^2

CAIBIDIL 51

OLANN, FIONNADH AINMHÍOCH MÍN NÓ GARBH; SNÁTH RÓIN AGUS FABRAIC FHITE

Nóta

1. Ar fud na hainmníochta:

   a) ciallaíonn 'olann' an snáithín nádúrtha a fhásann ar chaora nó ar uain;

   b) ciallaíonn 'fionnadh ainmhíoch mín' fionnadh ó alpaca, ó láma, ó viciúine, ó chamall (lena n-áirítear dromadaire), ó gheac, ó ghabhar angóra, ó ghabhar Tibéadach, ó ghabhar na Caismíre nó ó ghabhair chomhchosúla (seachas gabhair choiteanna), ó choinín (lena n-áirítear coinín angóra), ó ghiorria, ó bhéabhar, ó chadhpú nó ó mhuscfhrancach;

   c) ciallaíonn 'fionnadh ainmhíoch garbh' fionnadh ó ainmhithe nach bhfuil luaite thuas, gan fionnadh agus guairí as a ndéantar scuaba a áireamh (ceannteideal 0502) agus rón (ceannteideal 0511).

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
5101	**Olann, gan cardáil gan cíoradh:**		
	– **gréisceach, lena n-áirítear olann lomra-nite:**		
5101 11 00	–– **Olann lomtha**	Díolúine	—
5101 19 00	–– **eile**	Díolúine	—
	– **díbhealaithe, gan carbónú:**		
5101 21 00	–– **Olann lomtha**	Díolúine	—
5101 29 00	–– **eile**	Díolúine	—
5101 30 00	– **é carbónaithe**	Díolúine	—
5102	**Fionnadh ainmhíoch mín nó garbh, gan cardáil gan cíoradh:**		
	– **Fionnadh ainmhíoch mín:**		
5102 11 00	–– **ó ghabhair na Caismíre (chaismíreacha)**	Díolúine	—
5102 19	–– **eile:**		
5102 19 10	––– ó choinín angóra	Díolúine	—
5102 19 30	––– ó alpaca, ó láma nó ó viciúine	Díolúine	—
5102 19 40	––– ó chamall (lena n-áirítear dromadaire) nó ó gheac, nó ó ghabhair angóra, ó ghabhair Thibéadacha nó ó ghabhair chomhchosúla	Díolúine	—
5102 19 90	––– ó choinín (seachas coinín angóra), ó ghiorria, ó bhéabhar, ó chadhpú nó ó mhuscfhrancach	Díolúine	—
5102 20 00	– **Fionnadh ainmhíoch garbh**	Díolúine	—
5103	**Dramhaíl as olann nó as fionnadh ainmhíoch garbh, lena n-áirítear dramhaíl as snáth ach gan stoc gairnéadaithe a áireamh:**		
5103 10	– **Scothanna olla nó scothanna fionnaidh ainmhíoch mhín:**		
7015 90 00	– **eile**	3	—
7016	**Bloic pábhála, leaca, brící, cearnóga, tíleanna agus earraí eile déanta as gloine bhrúite nó mhúnlaithe, bíodh sí sreangaithe nó ná bíodh, den chineál a úsáidtear chun foirgníochta nó tógála; ciúbanna gloine agus mionearraí gloine eile, bíodh taca fúthu nó ná bíodh, le haghaidh mósáice nó chun críocha maisiúcháin comhchosúla; soilse luaidhe agus a leithéid; gloine ilcheallach nó chúrtha ina bloic, ina painéil, ina plátaí, ina blaoscanna nó i bhfoirmeacha comhchosúla:**		
7016 10 00	– **Ciúbanna gloine agus mionearraí gloine eile, bíodh taca fúthu nó ná bíodh, le haghaidh mósáice nó chun críocha maisiúcháin comhchosúla**	8	—
7016 90	– **eile:**		
7016 90 10	– – Soilse luaidhe agus a leithéid	3	m^2
7016 90 40	– – Bloic agus brící, den chineál a úsáidtear chun foirgníochta nó chun tógála	3 MIN 1,2 €/ 100 kg/br	—
7016 90 70	– – eile	3 MIN 1,2 €/ 100 kg/br	—
7017	**Earraí gloine saotharlainne, sláinteachais nó cógaisíochta, bídís grádaithe nó calabraithe nó ná bíodh:**		
7017 10 00	– **as grianchloch chomhleáite nó silice chomhleáite eile**	3	—
7017 20 00	– **as gloine eile ag a bhfuil comhéifeacht líneach forbartha nach mó ná 5 × 10^{-6} per Kelvin laistigh de raon teochta ó 0 °C go dtí 300 °C**	3	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7017 90 00	– **eile**	3	—
7018	**Coirníní gloine, péarlaí bréige, clocha lómhara agus scothlómhara tacair agus mionearraí gloine comhchosúla, agus earraí déanta astu sin seachas seodra bréige; súile gloine seachas earraí próistéiteacha; deilbhíní agus ornáidí eile déanta as gloine saoirsithe de lampa, seachas seodra bréige; micrisféir gloine nach mó ná 1 mm an trastomhas atá iontu:**		
7018 10	– **Coirníní gloine, péarlaí bréige, clocha lómhara agus scothlómhara tacair agus mionearraí gloine comhchosúla:**		
	–– Coirníní gloine:		
7018 10 11	––– iad gearrtha agus snasta go meicniúil	Díolúine	—
7018 10 19	––– eile	7	—
7018 10 30	–– Péarlaí bréige	Díolúine	—
	–– Clocha lómhara agus leathlómhara tacair:		
7018 10 51	––– iad gearrtha agus snasta go meicniúil	Díolúine	—
7018 10 59	––– eile	3	—
7018 10 90	–– eile	3 ([1])	—
7018 20 00	– **Micrisféir gloine nach mó ná 1 mm an trastomhas atá iontu**	3	—
7018 90	– **eile:**		
7018 90 10	–– Súile gloine; mionearraí gloine	3	—
7018 90 90	–– eile	6	—
7019	**Snáithíní gloine (lena n-áirítear olann ghloine) agus earraí déanta astu sin (mar shampla, snáth, fabraicí fite):**		
	– **Slisní, caisirníní, snáth agus duail mhionghearrtha:**		
7019 11 00	–– **Duail agus iad gearrtha go mion, ar fhad nach mó ná 50 mm**	7	—
7019 12 00	–– **Caisirníní**	7	—
7019 13 00	–– **Snáth eile, slisní**	7	—
7019 14 00	–– **Mataí a bhfuil nasc meicniúil iontu**	7	—
7019 15 00	–– **Mataí a bhfuil nasc ceimiceach iontu**	7	—
7019 19 00	–– **eile**	7	—
	– **Mataí a bhfuil nasc meicniúil iontu:**		
7019 61 00	–– **Fabraicí fite caisirníní**	7	—
7019 62	–– **Fabraicí dúnta eile atá déanta as caisirníní:**		
7019 62 10	––– Fuíoll agus dramhaíl	5	—
7019 62 90	––– eile	5	—
7019 63 00	–– **Fabraicí fite dúnta, an fhí gan mhaisiú, de snáth, gan iad brataithe ná lannaithe**	7	—
7019 64 00	–– **Fabraicí fite dúnta, an fhí gan mhaisiú, de snáth, gan iad brataithe ná lannaithe**	7	—

([1]) Taraif-chuóta EDT.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7019 65 00	–– **Fabraicí feadánacha fite is lú ná 30 cm ar leithead**	7	—
7019 66 00	–– **Fabraicí fite oscailte is leithne ná 30 cm**	7	—
7019 69	–– **eile:**		
7019 69 10	––– Fabraicí fite agus fabraicí snáthaidithe	5	—
7019 69 90	––– eile	7	—
	– **Mataí a bhfuil nasc ceimiceach iontu:**		
7019 71 00	–– **Caillí (leatháin thanaí)**	5	—
7019 72 00	–– **Fabraicí dúnta eile**	5	—
7019 73 00	–– **Fabraicí oscailte eile**	5	—
7019 80	– **Olann ghloine agus altach d'olann ghloine:**		
7019 80 10	–– Cláir, tochtanna agus táirgí comhchosúla	5	—
7019 80 90	–– eile	7	—
7019 90 00	– **eile**	7	—
7020 00	**Earraí eile gloine:**		
7020 00 05	– Feadáin imoibriúcháin grianchloiche agus coimeádáin lena gcur isteach i bhfoirnéisí idirleata agus ocsaídiúcháin chun ábhair leathsheoltóra a tháirgeadh	Díolúine	—
	– Codanna inmheánacha d'fholúsfhleascáin nó d'árthaigh folúis eile:		
7020 00 07	–– iad neamhchríochnaithe	3	—
7020 00 08	–– iad críochnaithe	6	—
	– eile:		
7020 00 10	–– as grianchloch chomhleáite nó silice chomhleáite eile	3	—
7020 00 30	–– as gloine ag a bhfuil comhéifeacht líneach forbartha nach mó ná 5×10^{-6} per Kelvin laistigh de raon teochta ó 0 °C go dtí 300 °C	3	—
7020 00 80	–– eile	3	—

ROINN XIV

PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHAR, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN

CAIBIDIL 71

PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ SAOTHRAITHE, CLOCHA LÓMHARA NÓ LEATHLÓMHARA, MIOTAIL LÓMHARA, MIOTAIL CUMHDAITHE LE MIOTAIL LÓMHARA, AGUS EARRAÍ DÍOBH; SEODRA BRÉIGE; BOINN AIRGID

Nótaí

1. Faoi réir nóta 1(A) a ghabhann le Roinn VI agus seachas dá bhforáiltear thíos, na hearraí uile arb é atá iontu nó go hiomlán i bpáirt:

   a) péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta) nó

   b) miotal lómhar nó miotal atá cumhdaithe le miotal lómhar,

   tá siad le haicmiú sa chaibidil seo.

2. A) Le ceannteidil 7113, 7114 agus 7115 ní chumhdaítear earraí ina bhfuil iontu miotal lómhar nó miotal cumhdaithe le miotal lómhar mar mhion-chomhpháirteanna amháin amhail mionfheistis nó mionornáidiú (mar shampla monagraim bianna agus fonsaí), agus ní bheidh feidhm ag mír (b) de nóta thuasluaite maidir leis na hearraí sin.

   B) Le ceannteideal 7116 ní chumhdaítear earraí a bhfuil miotal lómhar iontu nó atá cumhdaithe le miotal lómhar (seachas mar mhion-chomhpháirteanna).

3. Ní chumhdaítear leis an gcaibidil seo:

   a) malgaim de mhiotal lómhar, nó miotal lómhar collóideach (ceannteideal 2843);

   b) ábhair uama máinliachta steiriúla, líonadh déidliachta nó earraí atá faoi Chaibidil 30;

   c) earraí atá faoi Chaibidil 32 (mar shampla, lonruithe);

   d) catalaígh faoi thacú (ceannteideal 3815);

   e) na hearraí atá faoi cheannteideal 4202 nó 4203 dá dtagraítear i nóta 3(B) a ghabhann le Caibidil 42;

   f) na hearraí atá faoi cheannteideal 4303 nó 4304;

   g) na hearraí atá faoi Roinn XI (teicstílí agus earraí teicstíle);

   h) coisbhearta, ceannbhearta nó earraí eile atá faoi Chaibidil 64 nó 65;

   ij) scáthanna fearthainne, bataí siúil nó earraí eile atá faoi Chaibidil 66;

k) na hearraí scríobacha atá faoi cheannteideal 6804 nó 6805 nó Caibidil 82 ina bhfuil deannach nó púdar cloch lómhar nó scothlómhar (nádúrtha nó sintéiseach); na hearraí atá faoi Chaibidil 82 ina bhfuil páirt oibríoch atá déanta as clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta); innealra, fearais mheicniúla, nó earraí leictreacha, nó páirteanna díobh, atá faoi Roinn XVI. Mar sin féin, maidir le hearraí, agus páirteanna díobh, atá déanta go hiomlán as clocha lómhara nó scothlómhara (nádúrtha, sintéiseacha nó athdhéanta), leanann siad de bheith aicmithe faoin gcaibidil seo, ach amháin saifírí agus diamaint oibrithe neamhfheistithe i gcomhair stíleas (ceannteideal 8522);

l) na hearraí atá faoi Chaibidlí 90, 91 nó 92 (ionstraimí eolaíochta, cloig agus uaireadóirí, uirlisí ceoil);

m) airm nó codanna díobh (Caibidil 93);

n) na hearraí a chumhdaítear i nóta 2 a ghabhann le Caibidil 95;

o) na hearraí a aicmítear faoi Chaibidil 96 de bhua nóta 4 a ghabhann leis an gcaibidil sin; nó

p) bundealbha nó bundealbhadóireacht (ceannteideal 9703), earraí bailitheoirí (ceannteideal 9705), seandachtaí atá os cionn 100 bliain d'aois (ceannteideal 9706), seachas péarlaí nádúrtha nó saothraithe nó clocha lómhara nó scothlómhara.

4. A) Is é is brí leis an slonn 'miotal lómhar' airgead, ór agus platanam.

B) Is é is brí leis an slonn 'platanam', platanam, iridiam, oismiam, pallaidiam, róidiam agus ruitéiniam.

C) Ní chuimsítear leis an slonn 'clocha lómhara nó scothlómhara' aon cheann de na substaintí a shonraítear i nóta 2(b) a ghabhann le Caibidil 96.

5. Chun críocha na caibidle seo, aon chóimhiotail (lena n-áirítear meascán sintéaraithe agus comhdhúile idirmhiotalach)ina bhfuil miotal lómhar, ba cheart glacadh leo mar chóimhiotal miotail lómhair más mó ná 2 % den chóimhiotal, de réir meáchain, aon mhiotal lómhar amháin. Déanfar cóimhiotail mhiotail lómhara a aicmiú de réir na rialacha seo a leanas:

a) Glacfar le cóimhiotal inar mó na 2 %, de réir meáchain, an cion platanaim atá ann mar cóimhiotal platanaim.

b) Maidir le cóimhiotal inar mó na 2 %, de réir meáchain, an cion óir atá ann, ach nach bhfuil aon phlatanam ann nó cion platanaim níos lú ná 2 %, glacfar leis mar cóimhiotal óir.

c) Glacfar le cóimhiotail eile inar mó na 2 %, de réir meáchain, an cion platanaim atá iontu mar chóimhiotail phlatanaim.

6. Ach amháin i gcás ina n-éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, maidir le haon tagairt san ainmníocht do mhiotal lómhar nó d'aon mhiotal lómhar faoi leith, cuimsítear inti tagairt do chóimhiotail a nglactar leo mar chóimhiotail de mhiotal lómhar nó den mhiotal lómhar faoi leith i gcomhréir leis na rialacha i nóta 5 thuasluaite, ach ní chuimsítear inti tagairt do mhiotal cumhdaithe le miotal lómhar nó do tháirmhiotal nó do neamh-mhiotail cumhdaithe le miotal lómhar.

7. Ar fud na hainmníochta, is é is brí leis an slonn 'miotal cumhdaithe le miotal lómhar' ábhar a dhéantar as táirmhiotal ar dhromchla amháin nó níos mó ar a ngreamaítear cumhdach miotail lómhair trína shádráil, a phrásáil, a tháthú, a theorolladh nó trí bhíthin modh meicniúil comhchosúil. Ach amháin i gcás ina n-éilítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, cumhdaíonn an slonn chomh maith leis sin táirmhiotal a bhfuil miotal lómhar inleagtha ann.

8. Faoi réir nóta 1(A) a ghabhann le Roinn VI déanfar earraí a thagann faoi thuairisc i gceannteideal 7112 a aicmiú faoin gceannteideal sin agus ní dhéanfar iad a aicmiú faoi aon cheannteideal eile san ainmníocht.

9. Chun críocha cheannteideal 7113, is é is brí leis an slonn 'earraí seodra':

a) aon mhionréada i gcomhair maisiú pearsanta, (mar shampla, fáinní, bráisléid, muincí, bróistí, fáinní cluaise, slabhraí uaireadóra, uaireadóirí slabhra, siogarlaí, bioráin carbhait, scoráin muinchille, stodaí gléasta, boinn agus ionchomharthaí cráifeacha); agus

b) earraí i gcomhair úsáid phearsanta de chineál a iompraítear sa phóca, sa mhála láimhe nó ar an gcorp de ghnáth (mar shampla, cásanna todóige nó toitíní, boscaí snaoise, boscaí cachou nó piollairí, boscaí púdair, sparáin slabhra nó clocha paidrín).

Féadfar na hearraí sin a chumasc nó a bhualadh , mar shampla, le péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó scothlómhara, clocha lómhara nó scothlómhara sintéiseacha nó athdhéanta, blaosc toirtíse, néamhann, eabhar, ómra nádúrtha nó athdhéanta, gaing nó coiréal.

10. Chun críocha cheannteideal 7114, cuimsítear leis an slonn 'earraí gaibhne óir nó gaibhne geala' earraí amhail ornáidí, gréithe, earraí leithris, riachtanais caiteoirí tobac agus earraí a úsáidtear sa teach, san oifig nó i ngníomhartha cráifeacha.

11. Chun críocha cheannteideal 7117, ciallaíonn an slonn 'seodra bréige' earraí seodra de réir bhrí mhír (a) de nóta 9 (ach ní chuimsítear ann cnaipí nó earraí eile faoi cheannteideal 9606, cíora feistis, fáisceáin gruaige nó a leithéidí, gabhailíní gruaige, atá faoi cheannteideal 9615), nach bhfuil iontu péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó scothlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta) ná (ach amháin mar phlátáil nó mar mhion-chomhpháirteanna) miotal lómhar nó miotal cumhdaithe le miotal lómhar.

Nótaí fo-cheannteidil

1. Chun críocha fho-cheannteidil 7106 10, 7108 11, 7110 11, 7110 21, 7110 31 agus 7110 41, is é is brí leis na sloinn 'púdar' agus 'i bhfoirm púdair' a dtéann 90 % nó níos mó díobh de réir meáchain trí chriathar ina bhfuil mogallchró níos lú ná 0,5 mm.

2. D'ainneoin fhorálacha nóta caibidle 4(B), chun críocha fho-cheannteidil 7110 11 agus 7110 19, ní chuimsítear leis an slonn 'platanam' iridiam, oismiam, pallaidiam, róidiam agus ruitéiniam.

3. Chun cóimhiotail a aicmiú sna fo-cheannteidil atá faoi cheannteideal 7110, déanfar gach cóimhiotal a aicmiú leis an miotal, platanam, pallaidiam, róidiam, iridiam, oismiam nó ruitéiniam sin ar mó é de réir meáchain ná gach ceann de na miotail eile sin.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	I. PÉARLAÍ NÁDÚRTHA NÓ PÉARLAÍ SAOTHRAITHE AGUS CLOCHA LÓMHARA NÓ CLOCHA SCOTHLÓMHARA		
7101	**Péarlaí nádúrtha nó péarlaí saothraithe, bídís saoirsithe nó ná bíodh, bídís grádaithe nó ná bíodh, ach nach péarlaí ar shreang, péarlaí suite ná péarlaí buailte iad; péarlaí nádúrtha nó péarlaí saothraithe agus iad ar shreang go sealadach i gcomhair a n-iompartha:**		
7101 10 00	– **Péarlaí nádúrtha** ……	Díolúine	g
	– **Péarlaí saothraithe:**		
7101 21 00	–– **neamhshaoirsithe** ……	Díolúine	g
7101 22 00	–– **saoirsithe** ……	Díolúine	g
7102	**Diamaint shaoirsithe nó diamaint neamhshaoirsithe, ach nach diamaint atá suite ná buailte iad:**		
7102 10 00	– **gan scagadh** ……	Díolúine	c/k
	– **den chineál tionsclaíoch:**		
7102 21 00	–– **neamhshaoirsithe nó sáfa, scoilte nó snoite go garbh** ……	Díolúine	c/k
7102 29 00	–– **eile** ……	Díolúine	c/k

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	– **den chineál neamhthionsclaíoch:**		
7102 31 00	–– **neamhshaoirsithe nó sáfa, scoilte nó snoite go garbh**	Díolúine	c/k
7102 39 00	–– **eile**	Díolúine	c/k
7103	**Cloch lómhara (seachas diamaint) agus clocha scothlómhara, bídís saoirsithe nó neamhshaoirsithe nó grádaithe nó na bíodh ach gan iad curtha ar shreang, gan iad suite ná buailte; clocha lómhara neamhgrádaithe (seachas diamaint) agus clocha scothlómhara, agus iad ar shreang go sealadach i gcomhair a n-iompartha:**		
7103 10 00	– **neamhshaoirsithe nó sáfa, nó múnlaithe go garbh**	Díolúine	—
	– **saoirsithe ar bhealach eile:**		
7103 91 00	–– **Rúibíní, saifírí agus smaragaidí**	Díolúine	g
7103 99 00	–– **eile**	Díolúine	g
7104	**Clocha lómhara nó clocha scothlómhara sintéiseacha nó athdhéanta, iad saoirsithe nó neamhshaoirsithe, grádaithe nó neamhghrádaithe ach gan iad curtha ar shreang, agus gan iad suite ná buailte; clocha lómhara nó clocha scothlómhara neamhghrádaithe, sintéiseacha nó athdhéanta, agus iad curtha ar shreang go sealadach i gcomhair a n-iompartha:**		
7104 10 00	– **Grianchloch phisileictreach**	Díolúine	g
	– **eile, neamhshaoirsithe, sáfa nó snoite go garbh:**		
7104 21 00	–– **Diamaint**	Díolúine	g
7104 29 00	–– **eile**	Díolúine	g
	– **eile:**		
7104 91 00	–– **Diamaint**	Díolúine	g
7104 99 00	–– **eile**	Díolúine	g
7105	**Deannach agus púdar clocha lómhara agus clocha scothlómhara nádúrtha agus sintéiseacha:**		
7105 10 00	– **déanta as diamaint**	Díolúine	g
7105 90 00	– **eile**	Díolúine	g
	II. MIOTAIL LÓMHARA AGUS MIOTAIL ATÁ CUMHDAITHE LE MIOTAL LÓMHAR		
7106	**Airgead (lena n-áirítear airgead atá plátáilte le hór nó le platanam), é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, sin nó ina phúdar:**		
7106 10 00	– **Púdar**	Díolúine	g
	– **eile:**		
7106 91 00	–– **neamhshaoirsithe**	Díolúine	g
7106 92 00	–– **leathmhonaraithe**	Díolúine	g
7107 00 00	**Táirmhiotail, iad cumhdaithe le hairgead leathmhonaraithe, ach gan aon saoirsiú déanta orthu thairis sin**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7108	**Ór (lena n-áirítear ór atá plátáilte le platanam), é neamhshaoirsithe, nó é i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó i bhfoirm púdair:**		
	– den chineál neamhairgeadaíochta:		
7108 11 00	–– **Púdar**	Díolúine	g
7108 12 00	–– **foirmeacha neamhshaoirsithe eile**	Díolúine	g
7108 13	–– **foirmeacha leathmhonaraithe eile:**		
7108 13 10	––– Barraí, slata, sreang agus ranna; plátaí; leatháin agus stiallacha a bhfuil tiús iontu, seachas aon tacú ar mó é ná 0,15 mm	Díolúine	g
7108 13 80	––– eile	Díolúine	g
7108 20 00	– **Airgeadaíocht**	Díolúine	g
7109 00 00	**Táirmhiotail nó airgead, iad cumhdaithe, gan saoirsiú breise déanta orthu thar an leathmhonarú**	Díolúine	—
7110	**Platanam, é neamhshaoirsithe nó i bhfoirmeacha leathmhonaraithe, nó é ina phúdar:**		
	– Platanam:		
7110 11 00	–– **neamhshaoirsithe nó ina phúdar**	Díolúine	g
7110 19	–– **eile:**		
7110 19 10	––– Barraí, slata, sreang agus ranna; plátaí; leatháin agus stiallacha a bhfuil tiús iontu, seachas aon tacú ar mó é ná 0,15 mm	Díolúine	g
7110 19 80	––– eile	Díolúine	g
	– Pallaidiam:		
7110 21 00	–– **neamhshaoirsithe nó ina phúdar**	Díolúine	g
7110 29 00	–– **eile**	Díolúine	g
	– Róidiam:		
7110 31 00	–– **neamhshaoirsithe nó ina phúdar**	Díolúine	g
7110 39 00	–– **eile**	Díolúine	g
	– Iridiam, oismiam agus ruitéiniam:		
7110 41 00	–– **neamhshaoirsithe nó ina phúdar**	Díolúine	g
7110 49 00	–– **eile**	Díolúine	g
7111 00 00	**Táirmhiotail, airgead nó ór, cumhdaithe le platanam, leathmhonaraithe agus gan aon saoirsiú thairis sin**	Díolúine	—
7112	**Fuíoll agus dramhaíl déanta as miotal lómhar nó as miotal cumhdaithe le miotal lómhar; fuíoll agus dramhaíl eile ina bhfuil miotal lómhar nó comhdhúile de mhiotail lómhara de chineál a úsáidtear go príomha chun miotal lómhar a athghnóthú seachas na hearraí atá faoi cheannteideal 8549:**		
7112 30 00	– **Luaithreach a bhfuil miotal lómhar ann, sin nó comhdhúile den chineál na miotail lómhair**	Díolúine	—
	– eile:		
7112 91 00	–– **déanta as ór, lena n-áirítear miotal faoi chumhdach óir, ach scamhach a bhfuil miotail lómhara eile inti a chur as an áireamh**	Díolúine	—
7112 92 00	–– **déanta as platanam, lena n-áirítear miotal faoi chumhdach platanaim, ach scamhach a bhfuil miotail lómhara eile inti a chur as an áireamh**	Díolúine	—
7112 99 00	–– **eile**	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	III. SEODRA, EARRAÍ GAIBHNE BUÍ AGUS EARRAÍ GAIBHNE GEALA AGUS EARRAÍ EILE		
7113	**Earraí seodra agus páirteanna díobh, agus páirteanna de mhiotal lómhar nó de mhiotal atá cumhdaithe le miotal lómhar:**		
	– déanta as miotal lómhar, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh:		
7113 11 00	**–– déanta as airgead, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh**	2,5	g
7113 19 00	**–– déanta as miotal lómhar de chineál eile, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh**	2,5	g
7113 20 00	**– déanta as táirmhiotal agus é cumhdaithe le miotal lómhar**	4	—
7114	**Earraí gaibhne óir nó gaibhne geala agus codanna díobh, déanta as miotal lómhar nó as miotal cumhdaithe le miotal lómhar:**		
	– déanta as miotal lómhar, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh:		
7114 11 00	**–– déanta as airgead, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh**	2	g
7114 19 00	**–– déanta as miotal lómhar de chineál eile, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh**	2	g
7114 20 00	**– déanta as táirmhiotal agus é cumhdaithe le miotal lómhar**	2	—
7115	**Earraí eile déanta as miotal lómhar nó as miotal cumhdaithe le miotal lómhar:**		
7115 10 00	**– Catalaígh i bhfoirm éadaigh sreinge nó greille, agus iad déanta as platanam**	Díolúine	—
7115 90 00	**– eile**	3	—
7116	**Earraí déanta as péarlaí nádúrtha nó saothraithe, clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta):**		
7116 10 00	**– déanta as péarlaí nádúrtha nó saothraithe**	Díolúine	g
7116 20	**– déanta as clocha lómhara nó leathlómhara (nádúrtha, sintéiseach nó athdhéanta):**		
7116 20 11	–– Muincí, bráisléid agus earraí eile déanta as clocha lómhara nó scothlómhara nádúrtha, curtha go simplí ar shreang gan aon fháiscín ná gabhálas eile	Díolúine	g
7116 20 80	–– eile	2,5	g
7117	**Seodra bréige:**		
	– déanta as táirmhiotal, bíodh sé plátáilte nó cumhdaithe le miotal lómhar nó ná bíodh:		
7117 11 00	**–– Scoráin muinchille agus stodaí**	4	—
7117 19 00	**–– eile**	4	—
7117 90 00	**– eile**	4	—
7118	**Boinn:**		
7118 10 00	**– Boinn (seachas boinn óir), nach airgead dlíthairgthe**	Díolúine	g
7118 90 00	**– eile**	Díolúine	g

ROINN XV

TÁIRMHIOTAIL AGUS EARRAÍ TÁIRMHIOTAIL

Nótaí

1. Ní chumhdaítear leis an roinn seo an méid seo a leanas:

   a) péinteanna ullmhaithe, dúigh nó táirgí eile de bhunús calóg mhiotalach nó púdair (ceannteidil 3207 go 3210, 3212, 3213 nó 3215);

   b) fearóiceriam nó cóimhiotail phioreafóracha eile (ceannteideal 3606);

   c) ceannbheart nó páirteanna de faoi cheannteideal 6506 nó 6507;

   d) frámaí scáthanna fearthainne nó earraí eile atá faoi cheannteideal 6603;

   e) earraí faoi Chaibidil 71 (mar shampla, cóimhiotail lómhara, táirmhiotal cumhdaithe le miotal lómhar, seodra bréige);

   f) earraí atá faoi Roinn XVI (innealra, fearais mheicniúla agus earraí leictreacha);

   g) rian cóimeáilte iarnróid nó trambhealaigh (ceannteideal 8608) nó earraí eile faoi Roinn XVII (feithiclí, longa agus báid, aerárthaí);

   h) uirlisí nó gairis faoi Roinn XVIII, lena n-áirítear spriongaí cloig nó uaireadóirí;

   ij) urchair ghunna luaidhe ullmhaithe le haghaidh armlóin (ceannteideal 9306) nó earraí eile faoi Roinn XIX (airm agus armlón);

   k) earraí faoi Chaibidil 94 (mar shampla, troscán, tacaí tochta, soilse agus feistis soilsithe, comharthaí soilsithe, foirgnimh réamhdhéanta);

   l) earraí faoi Chaibidil 95 (mar shampla, bréagáin, cluichí, riachtanais spóirt);

   m) criathair láimhe, cnaipí, pinn, coinneálaithe pionsailí, goba peann, aonchosaigh, déchosaigh, tríchosaigh agus earraí comhchosúla nó earraí eile faoi Chaibidil 96 (earraí monaraithe ilghnéitheacha); nó

   n) earraí faoi Chaibidil 97 (mar shampla, saothair ealaíne).

2. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath ‘páirteanna d’úsáid ghinearálta’:

   a) earraí faoi cheannteideal 7307, 7312, 7315, 7317 nó 7318 agus earraí comhchosúla as táirmhiotal eile, seachas earraí atá saindeartha lena n-úsáid go heisiach in ionchlannáin in eolaíocht an leighis, na máinliachta, na fiaclóireachta nó na tréidliachta (ceannteideal 9021);

   b) spriongaí agus lannóga sprionga, as táirmhiotal, seachas spriongaí cloig nó uaireadóirí (ceannteideal 9114); agus

   c) earraí faoi cheannteidil 8301, 8302, 8308, 8310 agus frámaí agus scáthán, as táirmhiotal faoi cheannteideal 8306.

   I gCaibidlí 73 go 76 agus 78 go 82 (seachas i gceannteideal 7315), ní áirítear le tagairtí do pháirteanna earraí tagairtí do pháirteanna le haghaidh úsáid ghinearálta mar a shainmhínítear thuas.

Faoi réir na míre roimhe agus nóta 1 a ghabhann le Caibidil 83, eisiatar earraí faoi Chaibidil 82 nó faoi Chaibidil 83 ó Chaibidlí 72 go 76 agus 78 go 81.

3. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath 'táirmhiotal': iarann agus cruach, copar, nicil, alúmanam, luaidhe, sinc, stán, tungstan (volfram), molaibdéineam, tantalam, maignéisiam, cóbalt, biosmat, caidmiam, tíotáiniam, siorcóiniam, antamón, mangainéis, beirilliam, cróimiam gearmáiniam, vanaidiam, gailliam, haifniam, indiam, niaibiam (colaimbiam), réiniam agus tailliam.

4. Ar fud na hainmníochta, ciallaíonn an nath 'ceirméid' táirgí ina bhfuil teaglaim mhicreascópach ilchineálach de chomhpháirt mhiotail agus de chomhpháirt cheirmeach. Áirítear leis an téarma 'ceirméid' cairbídí miotail sintéaraithe (cairbídí miotail arna sintéarú le miotal).

5. Aicmiú cóimhiotal (seachas fearó-chóimhiotail agus príomh-chóimhiotail mar a shainmhínítear i gCaibidlí 72 gus 74):

   a) Aicmeofar cóimhiotal de tháirmhiotail mar chóimhiotal den mhiotal is troime de réir meáchain as measc na miotal uile eile.

   b) Maidir le cóimhiotal atá comhdhéanta de tháirmhiotail faoin roinn seo agus d'eilimintí nach bhfuil faoin roinn seo, déileálfar leis mar chóimhiotal de na táirmhiotail faoin roinn seo más amhlaidh gurb ionann meáchan iomlán na miotal sin agus meáchan iomlán na n-eilimintí eile atá i láthair, nó más mó ná meáchan iomlán na miotal sin ná meáchan iomlán na n-eilimintí eile sin.

   c) Sa roinn seo, áirítear leis an téarma 'cóimhiotal' meascáin sintéaraithe de phúdair mhiotail agus de dhlúthmheascáin ilchineálacha a fhaightear le hábhar a leá (seachas ceirméid) agus le comhdhúile idirmhiotalacha.

6. Ach amháin sa chás ina gceanglaítear a mhalairt leis an gcomhthéacs, áirítear le haon tagairt san ainmníocht a ghabhann le táirmhiotal tagairt do chóimhiotail a aicmeofar, de bhua nóta 5 thuas, mar chóimhiotail den mhiotal sin.

7. Aicmiú earraí ilchodacha:

   Seachas sa chás ina gceanglaítear a mhalairt leis na ceannteidil, déileálfar le hearraí táirmhiotail (lena n-áirítear earraí ábhar measctha a ndéileáiltear leo mar earraí táirmhiotail faoi na rialacha léirmhínithe ginearálta) ina bhfuil dhá tháirmhiotal nó níos mó mar earraí an táirmhiotailis troime de réir meáchain thar gach ceann de na miotail eile.

   Chun na críche seo:

   a) Meastar iarann agus cruach, nó cineálacha difriúla iarrainn nó cruach, a bheith mar aon mhiotal amháin.

   b) Meastar gurb é atá i gcomhiotal an miotal sin amháin dá n-aicmítear, de bhua nóta 5, mar chóimhiotal é.

   c) Meastar ceirméad faoi cheannteideal 8113 mar tháirmhiotal aonair.

8. Sa roinn seo, tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na nathanna seo a leanas:

   a) Dramh agus iarmhar

      1) gach dramhaíl agus fuíoll miotail;

      2) earraí miotail is cinnte nach féidir a n-úsáid mar earraí miotail de dheasca a mbriste, a ngearrtha ina bpíosaí nó a gcaite nó de dheasca cúiseanna eile.

   b) Púdair

      Táirgí a dtéann 90 % nó níos mó de réir meáchain trí chriathar ag a bhfuil cró mogaill 1 mm.

9. Chun críocha Chaibidlí 74 go 76 agus 78 go 81, tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na nathanna seo a leanas:

a) Barraí agus slata

Táirgí rollta, easbhrúite, tarraingthe nó gaibhnithe gan iad ina gcornaí, ar trasghearradh daingean aonfhoirmeach ó cheann go ceann i gcruth ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantán comhshleasach nó polagán dronnach rialta (lena n-áirítear 'ciorcail chothroma' agus 'dronuilleoga modhnaithe', gur stuanna dronnacha dhá thaobh díobh atá ar aghaidh a chéile, agus an dá thaobh eile díreach agus ar aon fhad le chéile agus comhthreomhar). Maidir le táirgí a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh cearnógach), triantánach nó polagánach acu, féadfaidh cúinní cruinne a bheith orthu ó cheann go ceann. Tiús na dtáirgí sin a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh 'dronuilleogach modhnaithe') acu, rachaidh sé thar an deichiú cuid den leithead atá iontu. Cumhdaítear leis an slonn chomh maith táirgí teilgthe nó táirgí sintéaraithe atá ar aon fhoirm agus ar an tomhas le chéile, a ndearnadh saoirsiú orthu i ndiaidh a dtáirgthe (seachas an bearradh simplí nó an díscálú simplí), ar choinníoll nach bhfuil buntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile acu dá bharr sin.

Barraí sreinge agus billéid as Caibidil 74 a bhfuil an bun caolaithe orthu nó saoirsiú déanta orthu go simplí ar bhealach eile ionas gur fusa a gcur isteach i meaisíní lena dtiontú ina slata sreinge mar shampla, is leis an gcopar neamhshaoirsithe atá faoi cheannteideal 7403 a rangaítear iad sin. Is infheidhme an fhoráil sin *mutatis mutandis* maidir leis na táirgí faoi Chaibidil 81.

b) Próifílí

Táirgí rollta, easbhrúite, tarraingthe, gaibhnithe nó múnlaithe, iad corntha nó a mhalairt, ar trasghearradh aonfhoirmeach ó cheann go ceann, agus gan iad de réir an tsainmhínithe atá ar bharraí agus slata, sreang agus plátaí, leatháin agus stiallacha, scragall agus feadáin nó píobáin. Cumhdaítear leis an slonn chomh maith táirgí CAST freisin nó táirgí sintéaraithe atá sna foirmeacha céanna a ndearnadh a saoirsiú i ndiaidh a dtáirgthe (seachas an bearradh simplí nó an díscálú simplí), ar choinníoll nach bhfuil feidhm acu dá bharr sin ar bhuntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile.

c) Sreang

Táirgí rollta, easbhrúite nó tarraingthe, agus iad ina gcornaí, ar trasghearradh daingean aonfhoirmeach ó cheann go ceann i gcruth ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantán comhshleasach nó polagán dronnach rialta (lena n-áirítear 'ciorcail chothroma' agus 'dronuilleoga modhnaithe', gur stuanna dronnacha dhá thaobh díobh atá ar aghaidh a chéile, agus an dá thaobh eile díreach agus ar aon fhad le chéile agus comhthreomhar). Maidir le táirgí a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh cearnógach), triantánach nó polagánach acu, féadfaidh cúinní cruinne a bheith orthu ó cheann go ceann. Tiús na dtáirgí sin a bhfuil trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear trasghearradh 'dronuilleogach modhnaithe') acu, rachaidh sé thar an deichiú cuid den leithead atá iontu.

d) Plátaí, leatháin, stiallacha agus scragall

Táirgí a bhfuil dromchla comhréidh orthu (seachas na táirgí neamhshaoirsithe), iad corntha nó a mhalairt, an trasghearradh iontu ina dhronuilleog soladach (ach ní ina chearnóg), bíodh cúinní cruinne air nó ná bíodh, (lena n-áirítear "dronuilleoga modhnaithe" gur dhá áirse dhronnacha an dá thaobh eile díobh atá ar aghaidh a chéile, an dá thaobh eile agus iad díreach, iad ar aon fhad le chéile agus iad ar tiús aonfhoirmeach), atá:

- ar cruth dronuilleogach (lena n-áirítear cearnógach) agus tiús iontu nach mó ná an deichiú cuid dá leithead

- ar cruth seachas dronuilleogach ná cearnógach, ar aon mhéid, ar choinníoll nach bhfuil buntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile acu dá bharr sin.

Is infheidhme ceannteidil maidir le plátaí, leatháin, stiall, agus scragall, *inter alia*, maidir le plátaí, leatháin, stiall, agus scragall ar a bhfuil pátrúin, (mar shampla eitrí, easnacha, dathanna breaca, deora, cnaipí, losainní), agus maidir le táirgí a bheidh tollta, rocach, snasta nó brataithe, ar choinníoll nach mbeidh buntréithe na n-earraí nó na dtáirgí faoi cheannteidil eile acu dá bharr sin.

e) Feadáin agus píobáin

Táirgí toll, bíodh siad corntha nó ná bíodh, ar trasghearradh aonfhoirmeach, gan iontu ó cheann go ceann ach aon fholús iata amháin i gcruth ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantán comhshleasach nó polagán dronnach rialta, agus tiús aonfhoirmeach sna ballaí iontu. Maidir le táirgí ar trasghearradh dronuilleogach (cearnógach san áireamh), nó triantánach comhshleasach nó ar trasghearradh polagánach rialta dronnach, a bhféadfaidh cúinní cruinne a bheith orthu ó cheann go ceann, measfar ina bhfeadáin agus ina píopaí iad freisin ar choinníoll gur ciorcail chomhlárnacha atá sa trasghearradh istigh agus sa trasghearradh amuigh agus iad ar aon fhoirm agus ar aon chlaonadh le chéile. Maidir le feadáin agus píobáin a bhfuil an trasghearradh sin thuas iontu, féadfaidh snas a bheith orthu, féadfaidh siad a bheith brataithe, lúbtha, snáithithe, druileáilte, bástaithe, leata, ar cruth cóin nó feistithe le feirí, le coiléir nó le fáinní.

CAIBIDIL 72

IARANN AGUS CRUACH

Nótaí

1. Sa chaibidil seo agus, i gcás nótaí (d), (e) agus (f) ar fud na hainmníochta, tá na bríonna a shanntar dóibh leis seo ag na téarmaí seo a leanas:

a) Muciarann

Cóimhiotail iarainn-charbóin nach mbíonn intuargainte ar dhóigh áisiúil, ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 2 % de charbón agus ina bhfuil, de réir meáchain, dúil amháin eile nó níos mó ná sin laistigh de na teorainneacha a leanas:

— cion nach mó ná 10 % de chróimiam,

— cion nach mó ná 6 % de mhangainéis,

— cion nach mó ná 3 % d'fhosfar,

— cion nach mó ná 8 % de shileacan,

— méid iomlán nach mó ná 10 % de dhúile eile.

b) Spiegeleisen

Coimhiotail iarainn-charbóin ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 6 % de mhangainéis, gan a bheith níos mó ná 30 %, agus a thagann, seachas sin, leis an tsonraíocht ag (a) thuas.

c) Fearó-chóimhiotail

Cóimhiotail ina muc-bharraí, ina mbloic, ina gcnapanna nó ina bhfoirmeacha príomhúla comhchosúla eile, ina bhfoirmeacha arna mbaint amach trí theilgean leanúnach agus ina bhfoirmeacha gráinníní nó púdair, bídís ceirtleánaithe nó ná bídís, cóimhiotail a úsáidtear i gcoitinne mar bhreiseán chun cóimhiotail eile a mhonarú nó mar dhí-ocsaídeoirí, mar oibreáin dhíshulfaraithe nó le haghaidh úsáidí comhchosúla i miotalóireacht fheiriúil, ach gan iad a bheith intuargainte ar dhóigh áisiúil, ina bhfuil, de réir meáchain, 4 % nó níos mó den dúil iarainn mar aon le haon cheann nó níos mó den mhéid a leanas:

— cion nach mó ná 10 % de chróimiam,

— cion nach mó ná 30 % de mhangainéis,

— cion nach mó ná 3 % d'fhosfar,

— cion nach mó ná 8 % de shileacan,

— méid iomlán nach mó ná 10 % de dhúile eile, gan charbón san áireamh, faoi réir ag uasmhéid 10 % i gcás copair.

d) Cruach

Ábhair fheiriúla seachas na cinn atá faoi cheannteideal 7203 atá intuargainte ar dhóigh áisiúil (seachas i gcás cineálacha áirithe arna dtáirgeadh i bhfoirm teilgean) agus ina bhfuil, de réir meáchain, 2 % carbón nó níos lú. Féadfaidh cionta níos airde carbóin, áfach, bheith ann i gcruacha cróimiam.

e) Cruach dhomheirgthe

Cruacha cóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, 1,2 % nó níos lú de charbón agus 10,5 % nó níos mó de chróimiam, bíodh dúile eile ann nó ná bíodh.

f) Cruach chóimhiotail eile

Cruacha nach gcomhlíonann sainmhíniú na cruaiche domheirgthe agus ina bhfuil, de réir meáchain, aon dúil amháin nó níos mó ná sin de na dúile a leanas de réir na gcion a léirítear:

— 0,3 % alúmanam nó níos mó ná sin,

— 0,0008 % bórón nó níos mó ná sin,

— 0,3 % cróimiam nó níos mó ná sin,

— 0,3 % cóbalt nó níos mó ná sin,

— 0,4 % copar nó níos mó ná sin,

— 0,4 % luaidhe nó níos mó ná sin,

— 1,65 % mangainéis nó níos mó ná sin,

— 0,08 % molaibdéineam nó níos mó ná sin,

— 0,3 % nicil nó níos mó ná sin,

— 0,06 % niaibiam nó níos mó ná sin,

— 0,6 % sileacan nó níos mó ná sin,

— 0,05 % tíotáiniam nó níos mó ná sin,

— 0,3 % tungstan nó níos mó ná sin (volfram),

— 0,1 % vanaidiam nó níos mó ná sin,

— 0,05 % siorcóiniam nó níos mó ná sin,

— 0,1 % nó níos mó de dhúile eile (seachas sulfar, fosfar, carbón agus nítrigin), arna ríomh go leithleach.

g) Athleá ar dhramhuingí iarainn agus cruach

Táirgí arna dteilgean go garbh i bhfoirm uingí gan cnogaí ardúigh ná claibíní teo, ná muc-bharraí, a bhfuil fabhtanna dromchla follasacha orthu gan a bheith ag cloí le comhdhéanamh ceimiceach muciarainn, spiegeleisen ná fearó-chóimhiotail.

h) Gráinníní

Táirgí a dtéann níos lú, de réir meáchain, ná 90 % díobh trí chriathar ag a bhfuil cró mogaill 1 mm ach a dtéann 90 % nó níos mó díobh, de réir meáchain, trí chriathar ag a bhfuil cró mogaill 5 mm.

ij) Táirgí leathchríochnaithe

Táirgí teilgthe leanúnacha ag a bhfuil cónasc daingean, bídís teo-rollta nó ná bídís; agus táirgí eile ag a bhfuil cónasc daingean, ar a ndearnadh teo-rolladh príomhúil nó a fágadh i gcruth garbh i ndiaidh a ngaibhnithe, lena n-áirítear criotáin le haghaidh uillinneacha, cruthanna nó cónasc, agus gan aon saoirsiú thairis sin déanta orthu.

Ní chuirtear na táirgí seo i láthair ina gcornaí.

k) Táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu

Táirgí rollta ag a bhfuil tras-ghearradh dronuilleogach (ní cearnógach) soladach, nach gcloíonn leis an sainmhíniú ag (ij) thuas i bhfoirm:

— cornaí sraitheanna arna bhforleagan ar bharr a chéile, nó

— faid dhíreacha, ar leithead, más lú ná 4,75 mm an tiús, 10 n-oiread ar a laghad an tiús sin nó más 4,75 mm an tiús nó níos mó, iad ar leithead níos mó ná 150 mm agus an leithead sin cothrom le dhá oiread an tiús ar a laghad.

Áirítear ar na táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu na cinn a bhfuil patrúin rilífe orthu arna ndíorthú go díreach de dheasca an rollta (mar shampla; eitrí, easnacha, patrúin sheiceara, deora, muileataí) agus na cinn atá bréifnithe, roctha nó snasta, ar an gcoinníoll nach bhfuil orthu de dheasca sin tréithe earraí ná táirgí faoi cheannteidil eile dá réir.

Is ceart táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu in aon chruth seachas cruth dronuilleogach ná cearnógach, beag beann ar a méid, a aicmiú mar tháirgí dar leithead 600 mm nó níos mó, ar an gcoinníoll nach orthu tréithe earraí ná táirgí faoi cheannteidil eile.

l) Barraí agus slata, iad teo-rollta, iad ina gcornaí atá corntha go mírialta

Táirgí teo-rollta, iad ina gcornaí atá corntha go mírialta agus trasghearradh daingean acu i gcruth ciorcal, deighleoga ciorcal, ubhach, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantáin nó polagán dronnach eile (lena n-áirítear 'ciorcail chothroma' agus 'dronuilleoga modhnaithe' gur dhá arc dhronnacha an dá thaobh eile díobh atá ar aghaidh a chéile, an dá thaobh eile agus iad díreach, iad ar aon fhad le chéile agus iad comhthreomhar). D'fhéadfadh eangaíochtaí, easnacha nó eitrí a bheith ar na táirgí sin, nó iad a bheith ar míchló ar bhealach eile de dheasca an phróisis rollta (barraí agus slata a atreisiú).

m) Barraí agus slata eile

Táirgí nach gcloíonn le haon cheann de na sainmhínithe ag (ij), (k) nó (l) thuas nó leis an sainmhíniú ar shreang, a bhfuil trasghearradh daingean aonfhoirmeach acu ó earr go hearr i gcruth ciorcal, deighleoga ciorcal, ubhchruthanna, dronuilleog (lena n-áirítear cearnóga), triantáin nó polagán dronnach rialta (lena n-áirítear 'ciorcail chothroma' agus 'dronuilleoga modhnaithe', ar dhá arc dhronnacha an dá thaobh eile díobh atá ar aghaidh a chéile, an dá thaobh eile agus iad díreach, iad ar aon fhad le chéile agus iad comhthreomhar).

D'fhéadfadh an méid a leanas a bheith i gceist leis na táirgí:

— eangaíochtaí, easnacha nó eitrí orthu, nó iad ar míchló ar bhealach eile de dheasca an phróisis rollta (barraí agus slata a atreisiú),

— iad casta i ndiaidh a rollta.

n) Uillinneacha, cruthanna agus cónaisc

Táirgí ag a bhfuil trasghearradh daingean aonfhoirmeach ó earr go hearr nach gcloíonn le haon cheann de na sainmhínithe ag (ij), (k), (l) nó (m) thuas nó leis an sainmhíniú ar shreang.

Ní áirítear ar Chaibidil 72 táirgí faoi cheannteideal 7301 nó 7302.

o) Sreang

Táirgí fuarfhoirmithe ina gcornaí, ag a bhfuil trasghearradh daingean aonfhoirmeach de shórt ar bith ó earr go hearr, nach gcloíonn leis an sainmhíniú ar tháirgí ar a ndearnadh rolladh cothrom orthu.

p) Barraí agus slata druilirí tolla

Barraí agus slata tolla ag a bhfuil trasghearradh de shórt ar bith, atá oiriúnach le haghaidh druilirí, agus an toise sheachtrach is mó den trasghearradh níos mó ná 15 mm gan a bheith níos mó ná 52 mm, ach gan an toise inmheánach is mó a bheith níos mó ná aon leath den toise sheachtrach is mó. Tá barraí agus slata iarainn nó cruach nach gcloíonn leis an sainmhíniú seo le haicmiú i gceanntheideal 7304.

2. Tá miotail fheiriúla atá cumhdaithe le miotal feiriúil eile le haicmiú mar tháirgí an mhiotail fheiriúil is troime de réir meáchain.

3. Tá táirgí iarainn nó cruach a fhaightear trí dheascadh leictrealaíoch, trí bhrú-teilgean nó trí shintéarú le haicmiú, de réir a bhfoirme, de réir a gcomhdhéanaimh agus a gcuma, sna ceanntheidil de chuid na caibidle seo atá cuí le haghaidh táirgí teo-rollta comhchosúla.

Nótaí fo-cheannteidil

1. Sa chaibidil seo, tá an bhrí a shanntar dóibh leis seo ag na nathanna seo a leanas:

   a) Cóimhiotal muciarainn

      Muciarann ina bhfuil, de réir meáchain, aon cheann nó níos mó de na dúile a leanas sna cionta sonraithe:

      — níos mó ná 0,2 % cróimiam,

      — níos mó ná 0,3 % sileacan,

      — níos mó ná 0,3 % nicil,

      — níos mó ná 0,1 % d'aon cheann de na dúile seo a leanas: alúmanam, molaibdéineam, tíotáiniam, tungstan (volfram), vanaidiam.

   b) Cruach shoghearrtha neamh-chóimhiotail

      Cruach neamh-chóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, aon cheann nó níos mó de na dúile a leanas sna cionta sonraithe:

      — 0,08 % sulfar nó níos mó ná sin,

      — 0,1 % luaidhe nó níos mó ná sin,

      — níos mó ná 0,05 % seiléiniam,

      — níos mó ná 0,01 % teallúiriam,

      — níos mó ná 0,05 % biosmat.

   c) Cruach shileacan-leictreach

      Cruacha cóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, 0,6 % sileacan ar a laghad gan níos mó ná 6 % sileacan ná níos mó ná 0,08 % carbón. D'fhéadfadh, de réir meáchain, méid nach mó ná 1 % alúmanam a bheith iontu freisin ach gan aon dúil eile iontu i gcion lena dtabharfaí tréithe de chruach chóimhiotail eile don chruach.

   d) Cruach ardluais

      Cruacha cóimhiotail ina bhfuil, bíodh dúile eile ann nó ná bíodh, dhá cheann ar a laghad de na trí eilimint a leanas; molaibdéineam, tungstan agus vanaidiam, agus 7 % nó níos mó den mheáchan eatarthu le chéile, 0,6 % de charbón agus 3 go 6 % de chróimiam.

   e) Cruach shileacómangainéise

      Cruacha neamh-chóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain:

      — cion nach mó ná 0,7 % carbón,

      — cion 0,5 % nó níos mó ach nach nó ná 1,9 % mangainéis, agus

      — 0,6 % sileacan nó níos mó, gan a bheith níos mó ná 2,3 %, ach gan aon dúil eile iontu i gcion lena dtabharfaí tréithe de chruach chóimhiotail eile don chruach.

2. Chun fearó-chóimhiotail a aicmiú sna fo-cheannteidil atá faoi cheannteideal 7202, ba cheart cloí leis an riail seo a leanas:

Cóimhiotal dénártha a mheastar a bheith i bhfearó-chóimhiotal agus aicmítear é faoin bhfo-cheannteideal ábhartha (más ann dó) mura sáraíonn ach aon cheann de na dúile cóimhiotail an t-íoschéatadán a leagtar síos i nóta 1(c) leis an gcaibidil seo; mar analach, meastar é a bheith ina chóimhiotal trínártha nó ceathartha má sháraíonn dhá nó trí dhúil chóimhiotail an t-íoschéatadán.

Chun an riail seo a chur i bhfeidhm, is gá go mbeadh na 'dúile eile' dá dtagraítear i nóta 1(c) a ghabhann leis an gcaibidil seo níos mó ná 10 % de réir meáchain an ceann.

Nóta ceannteidil

1. *Beidh leis na nathanna seo a leanas na bríonna a shanntar dóibh leis seo:*

— *'Leictreach': chun críocha fho-cheannteidil 7209 16 10, 7209 17 10, 7209 18 10, 7209 26 10, 7209 27 10, 7209 28 10 agus 7211 23 20, táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu ag a bhfuil, faoi réir ag sruth 50 Hz agus flosc maighnéadach 1 T, caillteanas vata in aghaidh an chileagraim, arna ríomh le modh Epstein, dar luach:*

— *2,1 Vata nó níos lú, nuair nach mó a dtiús ná 0,20 mm,*

— *3,6 Vata nó níos lú, nuair nach lú a dtiús ná 0,20 mm gan a bheith níos lú ná 0,60 mm,*

— *6 Vata nó níos lú, nuair nach lú a dtiús ná 0,60 mm gan a bheith níos mó ná 1,50 mm.*

— *'Pláta stáin': chun críocha fho-cheannteidil 7210 12 20, 7210 70 10, 7212 10 10 agus 7212 40 20, táirgí a ndearnadh rolladh cothrom orthu (a bhfuil a dtiús níos lú ná 0,5 mm) agus iad brataithe le sraith miotail ina bhfuil, de réir meáchain, 97 % nó níos mó de stán.*

— *'Cruach uirlise': chun críocha fho-cheannteidil 7224 10 10, 7224 90 02, 7225 30 10, 7225 40 12, 7226 91 20, 7228 30 20, 7228 40 10, 7228 50 20 agus 7228 60 20, cruacha cóimhiotail, seachas cruach dhomheirgthe nó cruach ardluais, ina bhfuil, de réir meáchain, aon cheann de na dúile a leanas, bíodh dúile eile ann nó ná bíodh:*

— *níos lú ná 0,6 % carbón*

agus

cion 0,7 % nó níos mó de shileacan agus cion 0,05 % nó níos mó de vanaidiam

nó

4 % tungstan nó níos mó ná sin,

— *0,8 % carbón nó níos mó ná sin*

agus

0,05 % vanaidiam nó níos mó ná sin,

— *níos mó ná 1,2 % carbón*

agus

cion nach lú ná 11 % ach nach mó ná 15 % cróimiam,

— *cion 0,16 % nó níos mó ach nach mó ná 0,5 % carbón*

agus

cion 3,8 % nó níos mó ach nach mó ná 4,3 % nicil

agus

cion 1,1 % nó níos mó ach nach mó ná 1,5 % cróimiam

agus

cion 0,15 % nó níos mó ach nach mó ná 0,5 % de mholaibdéineam,

— *cion 0,3 % nó níos mó ach nach mó ná 0,5 % carbón*

agus

cion 1,4 % nó níos mó ach nach mó ná 2,1 % cróimiam

agus

cion 0,15 % nó níos mó ach nach mó ná 0,5 % de mholaibdéineam

agus

níos lú ná 1,2 % nicil,

— *0,3 % carbón nó níos mó ná sin*

agus

níos lú ná 5,2 % cróimiam

agus

0,65 % molaibdéineam, nó níos mó ná sin, nó 0,4 % tungstan, nó níos mó ná sin,

— *cion 0,5 % nó níos mó ach nach mó ná 0,6 % carbón*

agus

cion 1,25 % nó níos mó ach nach mó ná 1,8 % vanaidiam

agus

cion 0,5 % nó níos mó ach nach mó ná 1,2 % cróimiam

agus

cion 0,15 % nó níos mó ach nach mó ná 0,5 % molaibdéineam.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	I. BUNÁBHAIR; TÁIRGÍ I bhFOIRM GRÁINNÍNÍ NÓ I BHFOIRM PÚDAIR		
7201	**Muciarann agus spiegeleisen ina mhuc-bharraí, ina bhloic nó i bhfoirmeacha príomhúla eile:**		
7201 10	– **Muciarann neamh-chóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, 0,5 % fosfar nó rud is lú ná sin:**		
	–– ina bhfuil sciar nach lú ná 0,4 % mangainéis de réir meáchain:		
7201 10 11	––– ina bhfuil 1 % sileacan de réir meáchain nó rud is lú ná sin	1,7	—
7201 10 19	––– ina bhfuil 1 % sileacan de réir meáchain nó rud is mó ná sin	1,7	—
7201 10 30	–– ina bhfuil sciar nach lú ná 0,1 % mangainéis de réir meáchain ach rud is lú ná 0,4 %	1,7	—
7201 10 90	–– ina bhfuil rud is lú ná 0,1 % mangainéis de réir meáchain	Díolúine	—
7201 20 00	– **Muciarann neamh-chóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, rud is mó ná 0,5 % fosfar**	2,2	—
7201 50	– **Muciarann chóimhiotail; spiegeleisen:**		
7201 50 10	–– Muciarann chóimhiotail ina bhfuil, de réir meáchain, rud nach lú ná 0,3 % tíotáiniam gan a bheith níos mó ná 1 %, agus rud nach lú ná 0,5 % vanaidiam gan a bheith níos mó ná 1 % vanaidiam	Díolúine	—
7201 50 90	–– eile	1,7	—
7202	**Fearó-chóimhiotail:**		
	– **Fearó-mhangainéis:**		
7202 11	–– **ina bhfuil rud is níos mó ná 2 % carbón de réir meáchain:**		
7202 11 20	––– le gráinnmhéadracht nach mó ná 5 mm agus ina bhfuil cion mangainéise de réir meáchain is mó ná 65 %	2,7	—
7202 11 80	––– eile	2,7	—
7202 19 00	–– **eile**	2,7	—
	– **Fearó-shileacan:**		
7202 21 00	–– **ina bhfuil rud is mó ná 55 % sileacan de réir meáchain**	5,7 (1)	—
7202 29	–– **eile:**		
7202 29 10	––– ina bhfuil 4 % nó níos mó ach sciar nach dtéann thar 10 % maignéisiam de réir meáchain	5,7 (1)	—
7202 29 90	––– eile	5,7 (1)	—
7202 30 00	– **Fearó-shileacómangainéis**	3,7 (1)	—
	– **Fearó-chróimiam:**		
7202 41	–– **ina bhfuil rud is níos mó ná 4 % carbón de réir meáchain:**		
7202 41 10	––– ina bhfuil rud is mó ná 4 % carbón de réir meáchain ach rud nach mó ná 6 %	4	—

(1) Taraif-chuóta EDT.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
7202 41 90	– – – ina bhfuil rud is níos mó ná 6 % carbón de réir meáchain	4	—
7202 49	– – **eile:**		
7202 49 10	– – – ina bhfuil rud nach mó ná 0,05 % carbón de réir meáchain	7 (1)	—
7202 49 50	– – – ina bhfuil rud is mó ná 0,05 % carbón de réir meáchain ach rud nach mó ná 0,5 %	7 (1)	—
7202 49 90	– – – ina bhfuil rud is mó ná 0,5 % carbón de réir meáchain ach rud nach mó ná 4 %	7	—
7202 50 00	– **Fearó-shileacócróiniam**	2,7	—
7202 60 00	– **Fearóinicil**	Díolúine	—
7202 70 00	– **Fearó-mholaibdéineam**	2,7	—
7202 80 00	– **Fearó-thungstan agus fearó-shileacótungstan**	Díolúine	—
	– **eile:**		
7202 91 00	– – **Fearó-thíotáiniam agus fearó-shiliceó-thíotáiniam**	2,7	—
7202 92 00	– – **Fearó-vanaidiam**	2,7	—
7202 93 00	– – **Fearó-niabiam**	Díolúine	—
7202 99	– – **eile:**		
7202 99 10	– – – Fearó-fosfar	Díolúine	—
7202 99 30	– – – Fearó-shileacónmhaignéisiam	2,7	—
7202 99 80	– – – eile	2,7	—
7203	**Táirgí feiriúla a fhaightear trí iarnmhian agus táirgí eile feiriúla spúinseacha a laghdú go díreach, i gcnapanna, i millíní nó i bhfoirmeacha eile den chineál céanna; iarann a bhfuil íos-íonacht 99,94 % de réir meáchain ann, i gcnapanna, i millíní nó i bhfoirmeacha eile den chineál céanna:**		
7203 10 00	– **Táirgí feiriúla a fhaightear trí laghdú díreach a dhéanamh ar iarnmhian**	Díolúine	—
7203 90 00	– **eile**	Díolúine	—
7204	**Fuíollábhar iarainn agus dramhiarann; athleá ar dhramhuingí iarainn agus cruach:**		
7204 10 00	– **Fuíoll iarainn agus dramhaíl iarainn theilgthe**	Díolúine	—
	– **Fuíoll agus dramhaíl den chruach chóimhiotail:**		
7204 21	– – **as cruach dhomheirgthe:**		
7204 21 10	– – – ina bhfuil 8 % nicil de réir meáchain nó rud is mó ná sin	Díolúine	—
7204 21 90	– – – eile	Díolúine	—
7204 29 00	– – **eile**	Díolúine	—
7204 30 00	– **Fuíoll agus dramhaíl d'iarann stánaithe nó de chruach stánaithe**	Díolúine	—
	– **Fuíoll agus dramhaíl nach iad:**		
7204 41	– – **Fuíoll na deile, scamhach, sliseoga, fuíoll meilte, minsáibh, mionrabh, scotháin agus stampáin, bídís tiomsaithe ina mbearta nó ná bíodh:**		
	– – – Fuíoll na deile, scamhacháin, sliseoga, fuíoll meilte, min sáibh agus mionrabh:		
★ **7204 41 11**	– – – – ina bhfuil cómheáchan 5 % nó níos mó de neoidimiam nó praiséidimiam	Díolúine	—
★ **7204 41 19**	– – – – eile	Díolúine	—

(1) Taraif-chuóta EDT.

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
	−−− Scotháin agus stampáin:		
7204 41 91	−−−− ina mbearta	Díolúine	—
7204 41 99	−−−− eile	Díolúine	—
7204 49	−− **eile:**		
7204 49 10	−−− iad mionaithe (stiallta go mion)	Díolúine	—
	−−− eile:		
7204 49 30	−−−− ina mbearta	Díolúine	—
7204 49 90	−−−− eile	Díolúine	—
7204 50 00	− **Athleá na n-uingí dramhaíola**	Díolúine	—
7205	**Gráiníní agus púdair de mhuciarann, spiegeleisen, d'iarann nó de chruach:**		
7205 10 00	− **Gráinníní**	Díolúine	—
	− **Púdair:**		
7205 21 00	−− **iad déanta as cruach chóimhiotail**	Díolúine	—
7205 29 00	−− **eile**	Díolúine	—
	II. IARANN AGUS CRUACH NACH CÓIMHIOTAL Í		
7206	**Iarann agus cruach nach cóimhiotal í in uingí nó foirmeacha príomhúla eile (seachas iarann faoi cheannteideal 7203):**		
7206 10 00	− **Uingí**	Díolúine	—
7206 90 00	− **eile**	Díolúine	—
7207	**Táirgí leathchríochnaithe d'iarann agus de chruach neamh-chóimhiotail:**		
	− **ina bhfuil níos lú ná 0,25 % carbón de réir meáchain:**		
7207 11	−− **Den trasghearradh dronuilleogach (lena n-áirítear cearnógach), an leithead níos lú ná dhá oiread an tiúis:**		
	−−− é rollta nó arna thionsclú tríd an teilgean leanúnach:		
7207 11 11	−−−− as cruach shoghearrtha	Díolúine	—
	−−−− eile:		
7207 11 14	−−−−− Ar tiús nach mó ná 130 mm	Díolúine	—
7207 11 16	−−−−− atá ar tiús is mó ná 130 mm	Díolúine	—
7207 11 90	−−− é gaibhnithe	Díolúine	—
7207 12	−− **eile, den trasghearradh dronuilleogach (seachas cearnógach):**		
7207 12 10	−−− é rollta nó arna thionsclú tríd an teilgean leanúnach	Díolúine	—
7207 12 90	−−− é gaibhnithe	Díolúine	—
7207 19	−− **eile:**		
	−−− den thrasghearradh ciorclach nó polagánach:		
7207 19 12	−−−− é rollta nó arna thionsclú tríd an teilgean leanúnach	Díolúine	—

Cód AC	Tuairisc	Ráta caighdeánach dleachta (%)	Aonad forlíontach
1	2	3	4
